



Februair 2011



The Competition Authority
An tÚdarás Iomaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2010

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ón gCathaoirleach	4
1 Maidir leis an Údarás Iomaíochta	8
<i>Buntáistí na hIomaíochta</i>	8
<i>Struchtúr agus Feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta</i>	12
<i>Ag obair le Gníomhaireachtaí Stáit eile</i>	16
<i>Iompar Frithiomaíoch a Aithint</i>	17
<i>Cásanna a Chur in Ord Tosaíochta</i>	20
2. Díl na hIomaíochta a Chur i bhFeidhm	21
<i>Cásanna os Comhair na gCúirteanna</i>	22
<i>Imscrúduithe atá Tugtha chun Críche</i>	24
<i>An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní</i>	25
<i>An Clár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil</i>	26
<i>Dearbhuithe faoi Chatagóirí</i>	27
<i>Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe</i>	29
3. Cumaisc agus Fáltais a Mheas	31
<i>Córas Éifeachtach chun Cumaisc a Athbhreithniú</i>	31
<i>An Earnáil Airgeadais</i>	32
<i>Athbhreithniú Beartaithe ar Threoirlínte maidir le hAnailís ar Chumaisc</i>	32
<i>Fógraí i dtaobh Cumasc a Rinneadh sa bhliain 2010</i>	32
<i>Cumaisc a Ceadáíodh faoi réir Gealltanais</i>	34
4. An Iomaíocht a chur chun cinn in Éirinn	40
<i>Srianta Poiblí ar Iomaíocht a aithint</i>	40
<i>Comhairle faoi Reachtaíocht Bheartaithe, faoi Rialúchán agus faoi Cheisteanna Iomaíochta</i>	43
<i>Anailís a Dhéanamh ar Conas a Oibríonn an Iomaíocht in Earnálacha Áirithe</i>	45
<i>Moltaí ó Thuarascálacha Roimhe Seo</i>	47
<i>Feasacht a Spreagadh</i>	51
5. Obair Idirnáisiúnta	54
<i>An Coimisiún Eorpach</i>	54
<i>An Líonra Eorpach um Iomaíocht</i>	55
<i>An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta</i>	56
<i>An Líonra Náisiúnta um Iomaíocht</i>	56
<i>Comhoibriú Idirnáisiúnta</i>	57
6. Seirbhísí Corparáideacha	58
<i>Maoiniú</i>	58
<i>Saoráil Faisnéise</i>	58
<i>Acmhainní Daonna</i>	58
<i>Seirbhís do Chustaiméirí</i>	59
A. Struchtúr an Údaráis Iomaíochta	60
<i>Comhaltaí an Údaráis Iomaíochta</i>	60
<i>Struchtúr Eagraíochtúil an Údaráis Iomaíochta</i>	61
B. Cumaisc a Cuireadh in iúl don Údarás Iomaíochta in 2010	62
C. Staitisticí ar Chumaisc a Measadh 2008-2010	66
D. Aighneachtaí Foirmiúla a Rinne an tÚdarás Iomaíochta in 2001	67
E. Seimineáir, Óráidí, Cur i Láthair & Páipéir	68

TEACHTAIREACHT ÓN GCATHAOIRLEACH

Tá sé ar cheann de phríomhróil an Údaráis Iomaíochta sa timpeallacht reatha ról ríthábhachtach an bheartais iomaíochta sa chor chun donais geilleagrach a chur in iúl. Is é an bealach is fearr le cinntiú go mbeidh seans ag na glúine atá le teacht tairbhe a bhaint as na deiseanna agus as an rachmas a chonacthas san am atá thart ná staid na tíre ó thaobh na hiomaíochta a fheabhsú.

Is féidir leis an iomaíocht cabhrú chun acmhainn iomaíochta an gheilleagair a athbheochan. Bíonn an geilleagar níos fuinniúla dá barr. Dá mhéad iomaíochta atá sa gheilleagar is ea is fearr a bheidh gnólachtaí Éireannacha in ann dul san iomaíocht agus is ea is fearr a éireoidh leo ar leibhéal domhanda.

Tuigimid go maith go bhfuil go leor deacrachtaí le sárú ag gnóthais na laethanta seo mar gheall ar an gcúlú geilleagrach, ach ní freagairtí cuí iad beartais chosantacha ná iompar frithiomaíoch

Ag féachaint siar ar an mbliain 2010, is féidir linn roinnt buaicphointí don Údarás, chomh maith le roinnt dúshlán suntasach a aithint.

I mí na Nollag, thugamar comhad imscrúdaithe tábhachtach chun críche don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Baineann an comhad le himscrúdú substaintiúil, fíorchasta ina raibh orainn cuid mhór dár n-acmhainní a infheistiú le roinnt blianta. Mholamar roinnt cuideachtaí agus daoine aonair a ionchúiseamh ar díotáil. Tá sé le tuiscint ón méid a tharla roimhe seo go mbeidh orainn acmhainní suntasacha a dhíriú ar fhreastal do riachtanais an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir leis an gcomhad tarchurtha in 2011 agus ina dhiaidh sin.

Lean ár gcás fada i gcoinne an Beef Industry Development Society Ltd ar aghaidh in 2010 agus tugadh i gcrích go rathúil é go luath in 2011. Ba chás ríthábhachtach é do dhlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa. Fáiltím roimh an teachtaireacht shoiléir a tháinig ó na Cúirteanna, is é sin gur dócha go ndéanfadh plean chun tionscal a athstruchtúrú trí chomhaontú idir ghrúpa iomaitheoirí an iomaíocht a shrianadh agus dá bhrí sin dlí náisiúnta agus dlí an AE a shárú.

Leanamar d'obair a dhéanamh ar iomaíocht sna gairmeacha trí thuarascáil shubstaintiúil a fhoilsiú faoi sheirbhísí Liachleachtóra Ghinearálta. Aithníodh roinnt beart inár dtuarascáil chun teacht ar sheirbhísí liachleachtóra ghinearálta a fheabhsú, faisnéis do thomhaltóirí a fheabhsú agus constaicí i gcoinne liachleachtóirí ginearálta ar mian leo cleachtais nua a bhunú a chur ar ceal. Is cúis áthais dom a thabhairt faoi deara gur gheall an Rialtas sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta agus sa Mheabhrán Tuisceana leis an gCoimisiún Eorpach, an Banc Ceannais Eorpach agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta go gcuirfeadh sé ár Moltaí i bhfeidhm.

Tá an-áthas orm a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil roinnt moltaí eile a rinneamar faoi athchóirithe chun iomaíocht a fheabhsú le fáil mar ghealltanais sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta agus sa Mheabhrán Tuisceana, lena n-áirítear na moltaí a bhaineann leis an ngairm dlí a rialú agus reachtaíocht a thabhairt isteach chun fíneálacha sibhialta a ghearradh i gcásanna a bhaineann le dlí na hiomaíochta.

Mhéadaigh fógraí i dtaobh cumasc faoi bhreis agus trian in 2010, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. I mí Dheireadh Fómhair 2010, d'fhoilsigh an

Lárionad um Dhlí agus Eacnamaíocht na hEorpa (The Centre for European Law and Economics) torthaí suirbhé a rinneadh in 2009 ar 257 saineolaí ó níos mó ná 60 dlínse. Iarradh orthu dlínsí a rangú de réir éifeachtacht institiúideach a gcóras athbhreithnithe cumasc. Cuireadh Údaráis Iomaíochta na hÉireann, i dteanna Údarás Iomaíochta na hÍsiltíre sa chéad áit san AE le haghaidh éifeachtacht institiúideach a chórais athbhreithnithe cumasc. Bhí Éire agus an Ísiltír, i dteannta na Stát Aontaithe, sa dara háit nuair a rinneadh 60 dlínse ar fud an domhain a rangú.

I mí na Nollag 2010, chuireamar tús le hathbhreithniú ar Threoirlínte an Údaráis d'Anailís ar Chumaisc trí fhóram poiblí a reáchtáil chun raon ceisteanna a phlé i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta agus chleachtas an Údaráis le déanaí maidir le hanailís shubstainteach a dhéanamh ar chumaisc. Cuireadh go leor aiseolais ar fáil don Údarás mar thoradh ar an mbeart sin agus cabhróidh sé linn chun Treoirlínte leasaithe maidir le comhairliúchán poiblí a ullmhú in 2011.

Chuamar i gcomhairle leis an bpobal i dtaobh ár gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil chomh maith i gcomhar leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tar éis dúinn measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an clár i ndáiríre, inar chuireamar athruithe ar mhúnlaí díolúine agus trócaire thar lear san áireamh, chinneamar go raibh sé in am trátha athruithe ar an múnla reatha a mholadh. Foilseoidh an tÚdarás agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí clár leasaithe sna míonna romhainn.

Uirlis thábhachtach atá sa Chlár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil chun cairtéil in Éirinn a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus tá sé fós ar cheann de na réimsí a dtugann an tÚdarás Iomaíochta tús áite dó. Go dtí seo, fuarthas 33 ciontú coiriúil inar ciontaíodh 18 ngnóthas agus 15 dhuine aonair; gearradh fíneálacha níos mó ná €600,000 ar an iomlán, agus pianbhreitheanna príosúnachta ar fionraí idir 3 agus 12 mhí orthu.

Bliain an-dúshlánach ba ea 2010 don Údarás Iomaíochta freisin. Tá acmhainní laghdaithe go mór mar thoradh ar na ciorruithe buiséid leanúnacha, an lánchosc ar earcaíocht san earnáil phoiblí agus scéimeanna éagsúla a cuireadh i bhfeidhm leis an líon daoine sa tseirbhís phoiblí a laghdú. Is beag athrú atá tagtha ar an ualach oibre, áfach, ná, go deimhin, ar an méid a bhfuil sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil leis uainn.

Tá an líon foirne laghdaithe faoi thrí. Faoi láthair, tá triúr Comhaltaí agus sé bhall foirne is tríocha ag an Údarás. Cén chiall atá leis sin? Bhuel, is léir go gciallaíonn sé go gcaithimid a bheith gan trua gan taise ó thaobh ár n-acmhainní a chur in ord tosaíochta. Cé go gcaithimid freastal do na riachtanais i dtéarmaí an airgeadais phoiblí, tá sé ceart agus cóir cuntas a thabhairt ar a gcreidimse gur féidir linn a bhaint amach i ndáiríre sa tréimhse romhainn.

Ag féachaint don leibhéal acmhainní atá againn faoi láthair (agus don leibhéal a bhféadfaimis a bheith ag súil lena fháil go leanúnach), is é mo mheasúnacht go bhféadfaí a bheith ag súil go réadúil go ndéanfaimid an méid seo a leanas:

- Díreimid ar ár gcumas forfheidhmithe ar na cásanna sin ina ndéantar dochar an-mhór don iomaíocht,
- Cloífimid leis na spriocdhátaí reachtúla maidir le hathbhreithniú ar chumaisc ach ní dhéanfaimid é ach trí acmhainní a bhogadh ó fheidhmeanna reachtúla eile nuair is gá,

- Díreimid ár dtacaíocht leis an iomaíocht ar na cineálacha tacaíochta nach bhfuil dian ar acmhainní seachas staidéir luachmhara a dhéanamh ar an margadh,
- Cloífimid leis na caighdeáin dea-chleachtais maidir le rialachas corparáideach agus a laghad acmhainní is féidir á n-úsáid.

Cé gur olc liom na rudaí seo a rá, táim go mór ar son "mórán a dhéanamh leis an mbeagán". Níl á dhéanamh agam ach an méid a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réadúil a leagan amach, ag féachaint don leibhéal acmhainní atá againn san Údarás, ionas nach mbeidh daoine ag súil le rudaí nach bhfuil ar ár gcumas a dhéanamh.

Ar deireadh, níl cúrsaí a bhaineann le cónascadh beartaithe an Údaráis Iomaíochta leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí – agus, go deimhin, le comhlachtaí eile b'fhéidir – tugtha chun críche agus an tuarascáil seo á scríobh. Is dócha go mbeidh tionchar mór ag na cúrsaí sin ar ár gcumas na spriocanna a leagadh síos do 2011 a chomhlíonadh.

Cuireann athruithe ar an bpearsanra ar leibhéal sinsearach laistigh den eagraíocht, mar aon le beirt Chomhaltaí Ionadaíochta den Údarás a bheith ceaptha ar bhonn sealadach agus mo phost eatramhach féin mar Chathaoirleach, leis an éiginnteacht atá os comhair bhaill foirne an Údaráis freisin.

In ainneoin na ndeacrachtaí sin, is iomaí rud atá bainte amach againn le bliain anuas, agus bheadh sé i gceist againn amhlaidh a dhéanamh an bhliain dar gcionn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí eile atá mar chomhghleacaithe agam, agus le baill foirne an Údaráis Iomaíochta as a ndúthracht agus as a ndíograis leanúnach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Is cúis bhróid dom gur iarradh orm a bheith i gceannas ar an eagraíocht seo, agus tuigim go maith an ról ríthábhachtach is féidir linn a imirt sa téarnamh geilleagrach náisiúnta. Táim fíorbhródúil, áfach, as an díograis a léirigh gach duine san Údarás Iomaíochta maidir leis na cuspóirí atá leagtha amach inár Straitéis trí bliana a chur i bhfeidhm ar son thomhaltóirí na hÉireann.



Declan Purcell, Cathaoirleach

22 Feabhra 2011

1 MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Buntáistí na hIomaíochta

Is ann do dhlí na hiomaíochta, den chuid is mó, ar mhaithe le tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí gnó, agus chun iad a chosaint. Is é ráiteas misin an Údaráis Iomaíochta ná **"féachaint chuige go mbaineann tomhaltóirí agus geilleagar na hÉireann tairbhe as an iomaíocht"**.

Nuair a bhíonn an lámh in uachtar ag cairtéal nó ag monaplacht, mar shampla, agus nuair nach ann d'iomaíocht, ní théann gnóthais in iomaíocht le chéile i gcomhair custaiméirí. I gcásanna mar sin, is iad na tomhaltóirí a bhíonn thíos le praghsanna níos airde, le rogha níos lú agus le caighdeán níos ísle. Más ann d'iomaíocht is féidir praghsanna a choimeád ar leibhéal níos ísle ná mar a bheidís gan í.

Baineann gach duine tairbhe as an iomaíocht; tomhaltóirí, gnóthais agus an geilleagar ar an iomlán. Coimeádtar praghsanna agus costais ar leibhéal íseal mar gheall uirthi. Cuirtear leis na roghanna agus leis na caighdeáin atá ar fáil do chách. Déantar nuálaíocht a chothú maidir le táirgí agus seirbhísí nua, agus tugtar tacaíocht don fhás geilleagrach.

Feictear na buntáistí seo toisc go spreagann an iomaíocht gnóthais chun dul san iomaíocht le chéile i gcomhair tomhaltóirí. Nuair a bhaineann tomhaltóirí tairbhe as an iomaíocht, baineann an geilleagar tairbhe aisti chomh maith. Mar shampla, nuair a thagann laghdú ar chostais leictreachais mar gheall ar mhéadú ar an iomaíocht, titeann na costais ghnó. Bíonn gnóthais Éireannacha níos iomaíche dá bharr, in Éirinn agus thar lear. Tacaíonn sé sin le fás geilleagrach san fhadtréimhse.

Ról na hiomaíochta i dTéarnamh Geilleagrach na hÉireann.¹

Conas is féidir leis an Údarás Iomaíochta cur leis an nGeilleagar Cliste agus le hacmhainn iomaíochta an gheilleagair?

Téann an iomaíocht i bhfeidhm go mór ar acmhainn iomaíochta na hÉireann. Mar gheall ar an iomaíocht faigheann tomhaltóirí agus gnóthais a bhfuil uathu, ar phraghas is féidir leo a íoc.

Is é atá i gceist léi ná a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh iomaitheoirí agus fanacht ann.

Is é atá i gceist léi ná costais ghnó a choinneáil ar leibhéal íseal. Nó, i bhfocail eile, cath leanúnach atá inti chun na costais a bhaineann le dul i mbun gnó a íslíú toisc go bhfuil iomaitheoirí thar lear agus sa tír seo ag déanamh amhlaidh.

Tá a fhios ag gach earráil de gheilleagar na hÉireann atá neamhchosanta ar an iomaíocht idirnáisiúnta go gcaithfidh síad a bheith nuálach agus a gcostais agus a bpraghsanna a scrúdú i gcónaí le bheith chun tosaigh ar a n-iomaitheoirí agus teacht slán.

¹ Cuireadh an méid seo thíos in oiriúint ó ráiteas tosaigh an Chathaoirligh ag an bhFóram Rialála Bhlantúil a tionóladh in Ffarmleigh ar an 26 Feabhra 2010.

Ní chaithfidh **earnálacha neamhthrádála** ár ngeilleagair dul i ngleic ach le hiomaíocht áitiúil, ach fós féin, bíonn tionchar díreach acu ar bhonn costais gach gnóthais easpórtála in Éirinn, lena n-áirítear éilimh ar phá. Má dhéantar iomaíocht áitiúil a thachtadh, bíonn tionchar díreach aige sin ar acmhainn iomaíochta na hÉireann. Ach, tá sé ar chumas againn iomaíocht a thabhairt isteach in earnálacha neamhthrádála.

Oibríonn an tÚdarás Iomaíochta le Ranna Rialtais agus le Rialtóirí chun réitigh nuálacha ar an iomaíocht a shainaithint agus chun acmhainn iomaíochta na hÉireann a fheabhsú ó thaobh costais de.

Cosnaíonn dlí na hiomaíochta airgead an phobail ar iarrachtaí a dhéanann soláthraithe seirbhíse le chéile le cur in aghaidh laghduithe ar chaiteachas Stáit. Eisreachtaíonn sé cruthú cairtéal, a chuireann cosc leis an gcoigeartú praghsanna is gá inár ngeilleagar.

Bhí tráth ann, nach bhfuil chomh fada sin siar, nuair nach raibh ach aerlíne Éireannach amháin, cuideachta teileafóin amháin agus d'airíodh daoine nach raibh ach árachóir amháin ar leith mar rogha acu. Déanaimid talamh slán de na rudaí seo a leanas anois:

- Is féidir le gnóthais agus le tomhaltóirí eitilt go Londain ar chéatadán den chostas a bhíodh air tráth,
- mura bhfuil tú sásta le d'árachóir is féidir leat athrú go cearn eile, agus
- tá rogha leathan soláthraithe cumarsáide againn, agus is féidir leat glaoch ar áit ar bith sa domhan saor in aisce nach beag.

Ní de thaisme a tharla na rudaí sin ar fad...

D'éascair na buntáistí sin as an iomaíocht a thabhairt isteach de réir a chéile agus a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha sin den gheilleagar.

Tá an tÚdarás Iomaíochta tar éis go leor tuarascálacha a fhoilsiú le deich mbliana anuas ina n-aithnítear cá háit a bhféadfaí níos mó iomaíochta a thabhairt isteach in earnálacha éagsúla de chuid an gheilleagair (earnálacha neamhthrádála den chuid is mó).

Ó thaobh cúrsaí forfheidhmithe, rinneadh 33 cás coiriúil a chiontú mar gheall ar rannpháirtíocht i gcairtéil in Éirinn. Cúig bliana ó shin, níor measadh go raibh seans faoin spéir go ndéanfadh giúiré Éireannach duine a chiontú mar gheall ar phraghas-socrú.

Chabhraigh an obair go léir sin le *cultúr iomaíochta* a fhorbairt in Éirinn...

Is iondúil anois go scríobhann tomhaltóirí litreacha chuig na nuachtáin gach lá ag fiafraí cén fáth nach bhfuil níos mó iomaíochta agus níos mó roghanna ar fáil, agus cén fáth nach bhfuil luach níos fearr ar airgead in earnálacha éagsúla den gheilleagar, idir phraghsanna leighis agus seirbhísí dlí, iompar poiblí agus táillí dochtúra.

Is é an pointe ná go dtuigeann muintir na hÉireann buntáistí na hiomaíochta níos fearr agus tá na buntáistí sin á n-éileamh go gníomhach acu anois i raon leathan réimsí. I bhfocail eile, tá muintir na hÉireann ina dtomhaltóirí gníomhacha seachas éighníomhacha anois agus tacaíonn siad níos mó le gníomhaíocht an Stáit chun an iomaíocht a chur chun cinn.

Cuireann na forbairtí dearfacha sin bunchloch láidir ar fáil chun forbairt a dhéanamh uirthi...

Chuige sin, táimid san Údarás Iomaíochta, ar an gcéad dul síos, ag gníomhú chun níos mó cairtéil a aimsiú, agus go háirithe chun níos mó díobh a chosc.

- Go háirithe, tá an tÚdarás ag treisiú na teachtaireachta a thabharfar i seó bóthair i mbliana dóibh siúd a bhfuil baint acu le soláthar poiblí ar fud an Stáit - chun feasacht a spreagadh i measc daoine i Ranna Rialtais, in Údaráis Áitiúla agus mar sin de, daoine a bheadh in ann cairtéil a aimsiú a dhíríonn ar chistí poiblí.
- Tá soláthraithe á gcur ar an eolas againn faoi cheapa tuisle ba chóir a sheachaint maidir le dearadh tairisceana agus cad iad na nithe ar chóir a bheith ag faire amach dóibh i dtairiscintí a chuirtear faoina mbráid.

Tá dlíthe agus rialacháin phoiblí frithiomaíochta ina mbac ar fhás geilleagrach i roinnt mhaith earnálacha fós. Mar sin, táimid ag díriú ar chomhairle faoin iomaíocht a chur ar Airí, ar Ranna agus ar Rialtóirí, go mór mhór sna hearnálacha sin a shainaithin go leor saineolaithe in Éirinn agus thar lear (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, an AE, an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus mar sin de), mar earnálacha atá ríthábhachtach don téarnamh geilleagrach.

Mar shampla, chuireamar chomhairle orthu seo a leanas in 2010:

- An Roinn Airgeadais - faoi conas iomaíocht san earnáil baincéireachta a fheabhsú agus a chosaint tar éis an earnáil a athstruchtú, agus
- An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh faoi iomaíocht i miondíol leictreachais.

Táimid ag díriú i mbliana ar iompar poiblí agus ar bhainistíocht dramhaíola chomh maith.

Táimid ag treisiú ár n-iarrachtaí chun comhairle a chur ar Ranna Rialtais faoi impleachtaí a dtograí beartais don iomaíocht (agus ar deireadh thiar thall don acmhainn iomaíochta).

Dúshlán mór don Údarás Iomaíochta is ea tabhairt chun críche an athbhreithnithe fhadréimsigh atá á dhéanamh ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar reachtaíocht iomaíochta na hÉireann; déanfar foráil sa reachtaíocht sin chomh maith maidir le cónascadh an Údaráis leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.

- Is é an tseift nua is tábhachtaí atá molta againn maidir le hathchóiriú ná **fineálacha sibhialta** a thabhairt isteach mar gheall ar dhlí na hiomaíochta a shárú. Ghearrfadh na **cúirteanna sibhialta** na fineálacha sin – ionas go bhféadfaí smachtbhannaí airgid a fhorchur mar gheall ar iompar frithiomaíoch nach bhfuil baint aige leis na cairtéil chrua choiriúla (níl smachtbhanna den chineál sin ann faoi láthair).
- Mar gheall ar chónascadh an Údaráis leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, beifear in ann na huirlisí is feiliúnaí atá ar fáil don dá ghníomhaireacht leo féin faoi láthair a chur chun feidhme, lena chinntiú go mbeidh cur chuige chomhtháite

ann i leith ceisteanna a bhaineann le hiomaíocht agus le tomhaltóirí. D'fhéadfadh ionadaíocht dheisiúil ar son na hiomaíochta agus na dtomhaltóirí acmhainn iomaíochta a chothú.

- Beidh sé ina dhúshlán mór dhá comhlacht phoiblí a bhfuil struchtúir, dualgais agus cúlraí foirne éagsúla acu faoi láthair a chónascadh.

Is féidir leis an Rialtas an iomaíocht a chur chun cinn in earnálacha neamhthrádála freisin trí ghníomhú ar mholtaí a rinne an tÚdarás roimhe seo nár cuireadh i bhfeidhm fós, mar shampla faoin ngairm dlí a rialú agus a athchóiriú.

Struchtúr agus Feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás Iomaíochta a chuireann dlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa i bhfeidhm. Cuireann sé comhairle ar Airí Rialtais agus ar údaráis phoiblí trí chéile, mar atá leagtha amach san Acht Iomaíochta, 2002.

Tá sé leagtha síos san Acht nach foláir Cathaoirleach agus beirt, triúr nó ceathrar Comhaltaí lánaimseartha, a roghnaítear tríd an bpróiseas ceapacháin phoiblí, a bheith ag an Údarás. Ní mór córam triúr Comhaltaí ar a laghad a bheith i láthair chun cinntí foirmiúla dhéanamh. Ba é an staid ag deireadh na bliana 2010 ná go raibh Cathaoirleach agus triúr Comhaltaí againn. Is Comhaltaí sealadacha iad beirt díobh agus teorainn 12 mhí lena dtéarma (a bheidh istigh i mí Iúil 2011). Bhí téarma an Chomhalta eile istigh i mí Feabhra 2011, agus d'fhág sé an tÚdarás ó shin.²

Déanaimid ár ndícheall le cinntiú go mbaineann gach tomhaltóir tairbhe as iomaíocht, lena n-áirítear gnóthais a cheannaíonn táirgí agus seirbhísí in Éirinn. Bainimid é sin amach trí iomaíocht a chur chun cinn i ngach earnáil den gheilleagar agus muid ag dul i ngleic le cleachtais fhrithiomaíocha agus ag cur daoine ar an eolas faoi chleachtais dá leithéid.

- Nuair atá fianaise ann go raibh gnóthais ag gabháil do chleachtais fhrithiomaíocha, is féidir linn imscrúdú a dhéanamh agus imeachtaí sibhialta a thabhairt chun an cúirte, nó comhad comhlánaithe a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sna cásanna is tromchúisí.
- Is féidir leis an Údarás Iomaíochta cosc a chur ar chumaisc a laghdóidh iomaíocht go mór murach sin.
- Cuirimid an iomaíocht chun cinn sa gheilleagar trí athchóiriú a mholadh nuair a chuireann dlíthe, rialacháin nó gníomhartha na hÉireann srian le hiomaíocht agus nuair a théann siad chun dochair do thomhaltóirí. Cuirimid comhairle ar an Rialtas freisin faoin dóigh a rachadh reachtaíocht nó rialacháin bheartaithe i bhfeidhm ar an iomaíocht.
- Tá dualgas orainn údaráis phoiblí agus an pobal trí chéile a chur ar an eolas faoi cheisteanna iomaíochta agus treoir ghinearálta a sholáthar faoin gcaoi ar féidir déanamh de réir dhlí na hiomaíochta.

Tá gné thábhachtach idirnáisiúnta i gceist lenár gcuid oibre freisin. Is ónár ról maidir le forfheidhmiú dhlí iomaíochta na hEorpa, i dteannta an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis náisiúnta iomaíochta eile, a thagann an ról seo. Mar chuid den ról seo, is comhalta den Líonra Eorpach um Iomaíocht é an tÚdarás chun comhoibriú a éascú maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach rialacha iomaíochta an Chomhphobail. Tá baint againn freisin leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, leis an Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht agus le hÚdarás Iomaíochta na hEorpa (European Competition Authorities) d'fhonn dea-chleachtas a chur chun cinn sa ghníomhaireacht agus d'fhonn eolas a fháil faoi cheisteanna iomaíochta uilíocha.

Déantar obair an Údaráis Iomaíochta a eagrú i gcúig roinn.³

² D'fhág an Dr. Stanley Wong, Comhalta agus Stiúrthóir Roinn na Monaplachtaí agus Roinn na gCumasc an tÚdarás i mí Feabhra 2011.

³ Tá Comhaltaí agus foireann an Údaráis Iomaíochta de réir na Roinne léirithe in Aguisín A.

Roinn na gCairtéal

Déanann Roinn na gCairtéal, i dteannta Roinn na Monaplachtaí, gach rud a líomhnaítear a bheith ina shárú ar dhlí na hiomaíochta a imscrúdú. Is é imscrúdú agus ionchúiseamh cairtéal crua príomhfhócas Roinn na gCairtéal.

Is é atá i gcairtéal ná comhaontú neamhdhleathach idir bheirt iomaitheoirí (nó níos mó), a chinntíonn nach rachaidh siad in iomaíocht le chéile. Is iondúil i gcás cairtéal, go mbíonn comhcheilg faoi rún idir ghnóthais éagsúla, a bhfuil sé mar bhunaidhm acu a chur faoi deara go mbeidh ar thomhaltóirí níos mó a íoc as seirbhísí agus as earraí ná mar a bheadh orthu i margadh iomaíoch. Is ionann iad dá bhrí sin agus coireanna i gcoinne an tomhaltóra. Is iomaí cineál difriúil cairtéil:

- **Praghas-Socrú:** Déanann iomaitheoirí comhaontú mídhleathach faoi phraghas nó lascainí earraí nó seirbhísí.
- **Páirtiú i margadh:** Déanann iomaitheoirí comhaontú mídhleathach faoi na háiteanna inar féidir leo/nach féidir leo oibriú, agus na custaiméirí ar féidir leo/nach féidir leo rudaí a sholáthar dóibh. Déantar áiteanna agus/nó tomhaltóirí a roinnt ar iomaitheoirí.
- **Teorannú táirgeachta:** Déanann iomaitheoirí comhaontú mídhleathach faoin méid earraí nó seirbhísí a sholáthraítear le cinntiú go bhfanann praghsanna ar leibhéal ard.
- **Camastaíl Tairiscintí/tairiscintí claonpháirteacha:** Socraíonn iomaitheoirí roimh ré cé a bhuafaidh tairiscint. Baineann sé sin an bonn ón gcóras tairiscintí iomaíocha agus cuireann sé faoi deara go ngearrtar praghsanna tairisceana níos airde ná mar a ghearrfaí mar thoradh ar phróiseas tairiscintí iomaíocha. Cé nach bhfuil na cleachtais sin mar a chéile, is cionta coiriúla iad uile faoin Acht Iomaíochta toisc go bhfuil gníomhaíochtaí atá toirmisceithe go sainráite i gceist le gach ceann acu (phraghsanna a shocrú, margáí a roinnt nó rochtain ar earraí nó ar sheirbhísí a theorannú.).

Is cionta tromchúiseacha iad comhaontuithe cairtéil faoi alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002, agus faoi Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Cuirtear pionóis ar ghnóthais agus ar dhaoine aonair a fhaightear ciontach i gcoireanna cairtéal crua lena n-áirítear fíneálacha agus príosúnacht.

Is comhchealga coiriúla iad na cairtéil atá an-chasta go minic agus bíonn scileanna speisialta fiosrúcháin ag teastáil le hiad a nochtadh. Áirítear ar bhaill foirne a dhéanann cairtéil a fhiosrú, iarchomhaltaí an Gharda Síochána agus gníomhaireachtaí eile um fheidhmiú an dlí, a bhfuil baint acu le coireanna casta an bhóna bháin a fhiosrú, mar aon le daoine a bhfuil taithí acu ar fhorfheidhmiú dhlí na hiomaíochta ó dhlínsí eile timpeall an domhain. Sa bhreis air sin, tá Bleachtair-Sháirsint in Aonad Imscrúdaithe um Chalaois na nGardaí ag obair go lánaimseartha le Roinn na gCairtéal faoi láthair, agus tá sé ina oifigeach údaraithe don Údarás Iomaíochta.

Nuair a fhaighimid dóthain fianaise gurb ann do chairtéal, cuirimid comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus molaimid go ndéanfaí na páirtithe lena mbaineann a ionchúiseamh ar díotáil. Mura gcreidimid go bhfuil údar maith le hionchúiseamh ar díotáil, féadfaidh an tÚdarás féin é a chiontú go hachomair sa Chúirt Dúiche.

Roinn na Monaplachtaí

Déanann Roinn na Monaplachtaí sárúithe líomhnaithe ar alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002 agus ar Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a imscrúdú chomh maith. Is féidir le comhaontuithe - a mheastar nach cairtéil chrua iad - a bheith ina sárú ar dhlí na hiomaíochta fós, má bhaineann éifeachtaí frithiomaíocha leo. D'fhéadfadh comhaontuithe idir déantóirí agus dáileoirí earraí, mar shampla, nó idir dáileoirí agus miondíoltóirí, bheith ina gcomhaontuithe frithiomaíocha uaireanta.

Chomh maith leis sin, déanann Roinn na Monaplachtaí líomhaintí a imscrúdú a thugann le fios go bhfuil mí-úsáid ceannasachta ag tarlú i ngnóthais in earnáil an gheilleagair. Tá mí-úsáid ceannasachta neamhdhleathach faoi alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002 agus faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ní hionann briseadh dlí agus ceannasacht a bheith ag gnóthas, áfach. Má dhéantar ceannasacht a mhí-úsáid ar mhaithe le hiomaíocht a thachtadh, áfach, beidh an mhí-úsáid sin ina hiompar frithiomaíoch. Má dhéantar iarracht iomaitheoirí a dhíbirt nó le cosc a chur le teacht chun cinn iomaitheoirí eile, trí mhí-úsáid ceannasachta, d'fhéadfadh sé a bheith ina shárú ar dhlí na hiomaíochta.

I gcás ina mbeimid den tuairim go mb'fhéidir gur sáraíodh an tAcht Iomaíochta, féadfaimid imeachtaí dlí a thionscnamh chun iallach a chur ar na páirtithe deireadh a chur leis an ngníomhaíocht neamhdhleathach. Is imeachtaí sibhialta a bhíonn i gceist den chuid is mó agus bíonn siad ar siúl san Ard-Chúirt nó sa Chúirt Chuarda. D'fhéadfadh imeachtaí coiriúla bheith níos oiriúnaí, áfach, ag brath ar imthosca an cháis. In imthosca mar sin, déanaimid comhad a ullmhú don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, mura rud é go bhfuil sé níos oiriúnaí go ndéanfaidh an tÚdarás é féin é a ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche. D'fhonn a ról imscrúdaithe a chomhlíonadh, tá foireann eacnamaíche agus dlíodóirí i Roinn na Monaplachtaí.

Is minic a dhéanaimid socrú lasmuigh den chúirt i gcás a bhaineann le sárú líomhnaithe. Tarlaíonn sé sin nuair a aithníonn na ciontóirí a n-iompar frithiomaíoch agus nuair a dhéanann siad é a chur i gceart. D'fhéadfaí an socrú sin a dhéanamh tar éis dúinn imeachtaí a bhagairt, nó le linn imscrúdú nuair a chomhaontaíonn na gnóthais lena mbaineann deireadh a chur leis an iompar lena mbaineann nó é a leigheas.

De bhrí go dtarraingíonn cuid mhór de na hábhair, a mbíonn Roinn na Monaplachtaí ag dul i ngleic leo, ceisteanna casta dlíthiúla agus eacnamaíochta anuas, díríonn an Roinn cuid mhór dá cuid acmhainní ar threoir a fhorbairt do ghnóthais faoin tslí is fearr ar féidir leo cloí le dlí na hiomaíochta. Soláthraítear treoir dá leithéid trí Nótaí Cinnidh nó Nótaí Treorach a fhoilsiú atá bunaithe ar imscrúduithe sainiúil don mhargadh. Is treoir amháin iad na Nótaí sin agus níl siad ina gceangal dlí. Féadfaimid fógraí a eisiúint chomh maith nach bhfuil catagóirí leithne comhaontuithe toirmiscthe, faoi alt 4 den Acht Iomaíochta, má chomhlíonann siad coinníollacha áirithe.

Roinn na gCumasc

Ní mór an tÚdarás Iomaíochta a chur ar an eolas faoi chumasc a sháraíonn tairseach áirithe airgid. Is é príomhról Roinn na gCumasc an obair reachtúil a dhéanamh, is é sin ár gcinntí réasúnaithe faoi chumasc agus fáltais ar tugadh fógra fúthu a athbhreithniú, a ullmhú agus anailís a dhéanamh orthu, laistigh den tréimhse ama shonraithe. Tá sé de chumhacht againn bac a chur le cumasc má chinnimid go ndéanfar laghdú mór ar iomaíocht mar thoradh air.

D'fhéadfadh roinnt céimeanna a bheith i gceist le cumasc a mheas. Ar dtús tá tréimhse athbhreithnithe (céim 1), agus ina dhiaidh sin déanfaimid cinneadh chun an cumasc a cheadú nó imscrúdú iomlán a dhéanamh (céim 2). Is iondúil go mbíonn ár spriocdháta chun cinntí chéim 1 a dhéanamh mí amháin tar éis dáta an fógra a fháil, cé go n-athraíonn sé sin.

Murar féidir linn a chinneadh, cibé acu an ndéanfar laghdú mór ar iomaíocht mar thoradh ar chumasc nó nach ndéanfar, féadfaimid imscrúdú iomlán chéim 2 a dhéanamh. Caithfear cinneadh ar imscrúdú chéim 2 a dhéanamh laistigh de cheithre mhí de dháta an fógra a fháil. B'fhéidir go ndéanfaí cinneadh chun an cumasc a cheadú, é a cheadú ar choinníollacha nó bac a chur leis.

Is féidir linn cumasc atá faoin tairseach fógartha a imscrúdú freisin, faoi alt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta.

An Roinn Abhcóideachta

Tá dualgas reachtúil orainn iomaíocht sa gheilleagar a chur chun cinn. Is tríd an Roinn Abhcóideachta a chuirimid é sin i gcrích, go príomha, cé go ndéanann na ranna go léir feasacht a spreagadh ar ról na hiomaíochta, agus ar ról dhlí na hiomaíochta i ngeilleagar na hÉireann. Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne daoine a chur ar an eolas faoi ról na hiomaíochta agus faoi na buntáistí a bhaineann léi, mar aon le comhairle a chur ar lucht déanta beartas poiblí. Is éard a dhéanann an Roinn, go sonrach, ná:

- comhairle a chur ar Ranna Rialtais, ar údaráis phoiblí agus ar pháirtithe leasmhara eile faoi na himpleachtaí a bheidh ag beartais agus tograí beartais, lena n-áirítear reachtaíocht bheartaithe, don iomaíocht,
- anailís a dhéanamh ar réimsí den gheilleagar nach ann don iomaíocht, nó mar a mbíonn sé teoranta nó srianta, agus
- réitigh indéanta a aithint le cur le hiomaíocht (mar a n-aithnímid nach ann di, nó go bhfuil sí teoranta nó srianta) agus obair bhreise a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na réiteach sin.

Nuair a chinnimid go bhfuil an iomaíocht á srianadh ag an Stát nuair nach bhfuil gá leis, déanaimid moltaí chun é sin a athchóiriú. Ar na samplaí de shrianta den chineál sin ar an iomaíocht, tá,

- riachtanais thar fóir le teacht isteach i dtionscal nó slí bheatha,
- ceart fadtéarmach dlíthiúil monaplacht a bheith ag duine, agus
- toirmeasc ar fhógraíocht praghsanna.

Roinn na Seirbhísí Corparáideacha

Comhlíonann Roinn na Seirbhísí Corparáideacha feidhmeanna lárnacha riaracháin agus tacaíochta don Údarás Iomaíochta. Áirítear air sin rialachas corparáideach, bainistíocht airgeadais, bainistíocht agus forbairt acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, agus seirbhísí tacaíochta dlí.

An Roinn Straitéise

Is roinn nua í an Roinn Straitéise a tháinig ar an bhfód i Meitheamh 2010. Díríonn an Roinn ar ghnéithe dár gcuid oibre a fhéadfaidh cabhrú linn a bheith chomh héifeachtach agus is féidir, lena chinntiú go mbainimid an leas is mó is féidir as ár n-acmhainní. Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne ná:

- pleanáil, forbairt agus cur i bhfeidhm ár straitéise foriomláine a stiúradh,
- a éifeachtúla is atáimid ar an iomlán a mheas ar bhonn leanúnach,
- feasacht ar bhuntáistí na hiomaíochta agus ar ár ról agus ar an obair a dhéanaimid a spreagadh i measc ár bpáirtithe leasmhara.

Obair le Gníomhaireachtaí Stáit eile

Cé gur faoin Údarás Iomaíochta atá sé, go príomha, an tAcht Iomaíochta a fhorfheidhmiú go poiblí, is minic a bhíonn sé oiriúnach dúinn dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí rialála ábhartha le ceisteanna a réiteach. Is minic a iarrtar orainn iniúchadh a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le hearnálacha áirithe an gheilleagair, dá bhfuil rialtóir neamhspleách ceaptha ag an Rialtas, .i. na hearnálacha cumarsáide, fuinnimh agus eitlíochta. D'fhonn cabhrú le comhoibriú, dúbailt a sheachaint agus comhsheasmhacht a chinntiú, tá comhaontuithe comhoibríthe i bhfeidhm eadrainn agus roinnt mhaith rialtóirí agus gníomhaireachtaí.

Sin mar atá ó thaobh an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide de go háirithe, a bhfuil sé de chumhacht aige féin, ón mbliain 2007 i leith, dlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta maidir le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, le líonraí cumarsáide leictreonaí nó le saoráidí gaolmhara. Tá comhaontú comhoibríthe i bhfeidhm idir an tÚdarás Iomaíochta agus an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide a éascaíonn feidhmiú chumhachtaí iomaíochta comhthráthacha an dá chomhlacht.

Tá comhaontuithe comhoibríthe againn leis na comhlachtaí seo a leanas:

- An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe,
- Údarás Craolacháin na hÉireann
- An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh,
- An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
- An tÚdarás Árachas Sláinte,
- an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, agus
- an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.

Bímid ag obair go dlúth freisin le roinnt gníomhaireachtaí eile um fheidhmiú an dlí sa Stát le cinntiú go ngéilltear do dhlí na hiomaíochta. Mar shampla:

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí: Táimid i gceannas ar *Chlár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil* i gcomhar leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tá cur síos breise ar an gClár le fáil thíos. Is é an aidhm atá leis ná rannpháirtithe a spreagadh chun cairtéil a bhfuil, nó a raibh baint acu leo a thuairisciú. Féadfaidh rannpháirtithe cairtéil iarratas a dhéanamh chuig an Údarás chun díolúine ó ionchúiseamh a fháil mar mhalairt ar chomhoibriú go hiomlán leis an Údarás maidir leis an gcás a imscrúdú agus leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir le haon ionchúiseamh faoi dheoidh.

Nuair atá imscrúdú coiriúil curtha i gcrích againn, d'fhéadfaimis comhad a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ionchúiseamh ar díotáil á mholadh. Má chinneann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh a thionscnamh, bíonn an Príomh-Atur nae Ionchúisimh i gceannas ar imeachtaí

thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déanann sé Leabhar Fianaise a ullmhú le seirbheáil ar an gcúisí. Cabhraimid leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus leis an bPríomh-Atur nae Ionchúisimh de réir mar is gá, nuair atá an cás a ionchúiseamh.

An Garda Síochána: Is minic a théimid i dteagmháil le hardbhainistíocht Aonad Imscrúdaithe um Chalaos na nGardaí. Ó mhí an Mhárta 2002, tá Bleachtaire-Sháirsint an Aonaid Imscrúdaithe ar iasacht le Roinn na gCairtéal mar oifigeach údaraithe an Údarás Iomaíochta. Tugann an Garda Síochána cabhair fhíorluachmhar don Údarás Iomaíochta nuair a bhíonn cabhair de dhíth, mar shampla nuair a bhíonn barántais chuardaigh á eisiúint.

Iompar Frithiomaíoch a aithint

Sular féidir linn deireadh a chur le hiompar frithiomaíoch, caithfimid a bheith feasach air. Is minic gurb iad gnóthais agus tomhaltóirí na daoine is fearr le cleachtais fhrithiomaíocha a aithint. Má tá eolas agat faoina leithéid d'iompar, nó má tá amhras ort go bhfuil a leithéid d'iompar ar siúl, molaimid go mór duit an t-eolas sin a chur in iúl dúinn. D'fhéadfadh eolas ón bpobal a bheith mar an chéad chéim le tús a chur le himscrúdú ar ghníomhaíochtaí gnóthas a bhfuil baint acu le cairtéal nó le mí-úsáid ceannasachta. Is spéis linn go mór eolas nó fianaise ar bith a thabharfadh le tuiscint go bhfuil praghas-socrú, camastaíl tairiscintí, páirtiú i margadh nó aon iompar eile frithiomaíoch ar siúl.

Is féidir leat iompar frithiomaíoch amhrasta a thuairisciú dúinn trí r-phost, ar an teileafón nó is féidir scríobh chugainn. Déanfaimid scagadh ar iompar a líomhnaítear a bheith frithiomaíoch, agus a bhfuil gearán déanta faoi, le cinntiú go ndéantar measúnú agus machnamh ceart air. Má thugann an fhaisnéis le fios nár sáraíodh dlí na hiomaíochta, cuirimid bailchríoch ar an gcás. Tá eolas sa bhosca thíos faoin mbealach ina bpléimid le gearáin.

Gearáin a dhéanamh leis an Údarás Iomaíochta

Tá gearáin ón bpobal faoi iompar frithiomaíoch ina bhfoinse thábhachtach eolais dúinn. D'fhéadfadh custaiméirí atá in amhras faoi ghníomhaíocht fhrithiomaíoch agus a thuairiscíonn í cabhrú go mór linn. Tá eolas ríthábhachtach faighte againn mar thoradh ar an bhfianaise ar chairtéil agus ar phraghas-socrú a cuireadh in iúl dúinn sna gearáin a rinneadh linn agus cuireadh imscrúduithe rathúla i gcrích agus ionchúisíodh daoine dá bharr.

Faighimid gearáin ó roinnt mhaith foinsí, lena n-áirítear an pobal, gnóthais ar leith, eagraíochtaí trádála agus ionadaithe poiblí, chomh maith le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Má tá eolas agat faoi ghníomhaíocht fhrithiomaíoch, molaimid go tréan duit dul i dteagmháil linn.

Bainimid an-tairbhe as líomhaintí a bhfuil fianaise mhaith ag gabháil leo. I gcás cairtéal, tá dualgas orainn líomhaintí a chruthú ar chaighdeán coiriúil, is é sin le rá, *gan aon amhras réasúnach*. Mar sin, tá seans níos fearr go ndéanfar ionchúiseamh, má tá fianaise láidir ag tacú leis na gearáin. Más leor an fhianaise a thugtar leis an gearán chun forais réasúnacha a tabhairt dúinn le bheith in amhras gur sáraíodh an tAcht Iomaíochta, 2002, féadfaimid imscrúdú foirmiúil a sheoladh.

I gcás go bhfuil sé curtha in iúl i ngearán go bhfuil srianta nach bhfuil gá leo á gcur le hiomaíocht de bharr dlíthe, rialachán nó cleachtais riaracháin de chuid Roinne nó gníomhaireachta Rialtais, díreoidimid aird ar an gceist agus déanfaimid iarracht a mholadh go poiblí agus don Roinn nó Comhlacht Rialtais lena mbaineann go n-athrófaí na cúinsí sin.

Tá Próiseas Láimhseála Gearán againn, faoina ndéantar measúnú ar gach gearán a fhaighimid. Díríonn an Próiseas Láimhseála Gearrán ar na cásanna is substaintí, ag cinntiú ag an am céanna gur féidir linn déileáil go tapa ach go cóir leis na gearáin nach bhfuil fianaise tacaíochta ar bith, nó nach bhfuil ach beagán di ag tacú leo.

Trí chéim atá sa Phróiseas Láimhseála Gearrán

- scagadh a dhéanamh,
- measúnú,
- imscrúdú.

Is é an chéad chéim, ná, seiceáil an féidir linn déileáil leis an ngearán faoi dhlí na hiomaíochta. Cuirtear gearáin faoi bhráid na roinne ábhartha ansin lena measúnú tuilleadh, más cuí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí imscrúdú a dhéanamh de bharr gearáin a fuarthas. I measc na ngníomhartha a d'fhéadfadh teacht as an imscrúdú, tá;

- comhad a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag moladh cúiseamh coiriúil a thionscnamh,
- imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh san Ard-Chúirt chun deireadh a chur le hiompar frithiomaíoch,
- socruithe lasmuigh den chúirt a chaibidil le comhlachtaí agus le heagraíochtaí a aontaíonn gan a bheith páirteach in iompar frithiomaíoch agus, i gcásanna áirithe, a aontaíonn a gcuid iompair a athrú chun aon dochar don iomaíocht a leigheas, nó
- moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais a bhaineann le hathruithe ar rialacháin fhrithiomaíocha.

Gearán a réiteach gan caingeán dlí

Ní bhíonn ábhair cuid mhór gearán, a dhéantar linn, ina sárú ar dhlí na hiomaíochta, nó nuair a bhíonn, déantar cuid mhór díobh a réiteach go luath gan caingeán dlí.

Déantar cuid mhór gearán a réiteach i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna seo a leanas:

- is iarratas ar fhaisnéis atá sa ghearán le fírinne,
- ní bhaineann an gearán le hábhar dhlí na hiomaíochta,
- eascraíonn an gearán as gnóthas a théann san iomaíocht go dlisteanach sa mhargadh áitiúil, nó
- baineann an gearán le praghsanna cosúla ach nach ann d'fhianaise a thabharfadh le tuiscint gurb ann do chomhaontú idir ghnóthais.

Sáruithe ar an Acht Iomaíochta a thuairisciú

Faoin Acht Iomaíochta, tá fíneálacha agus téarmaí príosúnachta substaintiúla ar na pionóis a d'fhéadfaí a ghearradh ar dhaoine aonair agus ar chuideachtaí a dhéanann cion a bhaineann le cairtéil chrua. D'fhéadfadh daoine aonair agus cuideachtaí, a bhfuil baint acu le gníomhaíocht dá leithéid, machnamh a dhéanamh ar iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó ionchúiseamh faoin *gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil*, a bhfuil an tÚdarás Iomaíochta agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gceannas air. Más an chéad duine nó an chéad chuideachta thú a thuairiscíonn gníomhaíochtaí cairtéal, a théann i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta agus leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, nó a thugann eolas iomlán dóibh, d'fhéadfadh sé go mbeidh luaíochtaí substaintiúla le baint agat. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin, ná

go bhféadfadh daoine aonair nó cuideachtaí ionchúiseamh a sheachaint, díolúine a fháil ó théarmaí príosúnachta agus ó fhíneálacha substaintiúla, agus pionóis bhreise a sheachaint amhail a bheith faoi urchosc ó bheith ina oifigeach do Chuideachta nó ina stiúrthóir uirthi faoi Alt 160 d'Acht na gCuideachtaí.

Maidir leis na cuideachtaí a ghlacann freagracht iomlán orthu féin as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a gcuid oifigeach, stiúrthóirí agus fostaithe, agus a aontaíonn le dul i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta, d'fhéadfadh go mbeidís i dteideal díolúine a fháil faoin gClár. Is féidir díolúine a thabhairt don chuideachta agus dá fostaithe reatha agus iarfhostaithe.

Fiú mura dtagann an chuideachta féin chun tosaigh le freagracht a ghlacadh as a cuid gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, d'fhéadfadh fostaithe, oifigigh, agus stiúrthóirí a bheith i dteideal díolúine aonair a fháil faoin *gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil* agus fíneálacha agus téarmaí príosúnachta a sheachaint.

Ba cheart iarratais ar dhíolúine a chur chuig Oifigeach Díolúine an Údaráis Iomaíochta. **Is é 087 7631378 uimhir theolíne an Chláir um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil:** Tá córas marcála ag an *gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil* trínar féidir leis an gcéad duine nó leis an gcéad chuideachta a chuireann isteach air díolúine a fháil, agus trínar féidir leo siúd a chuireann isteach air ina dhiaidh sin í a fháil, sa chás nach bhfuil an chéad iarrthóir cáilithe. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoin gClár ar láithreán Gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie.

Tá cosaintí san Acht do sceithirí, daoine a thuairiscíonn sárúithe amhrasta dúinn. Mar shampla, má tá tú den tuairim go bhfuil an tAcht sáraithe ag cuideachta, ní bheidh tú faoi dhliteanas damáistí a íoc, má thuairiscíonn tú dúinn é agus má tharlaíonn sé nach ndearnadh aon chion, ar an gcoinníoll gur ghníomhaigh tú de mheon macánta. Tá fostaithe clúdaithe faoin gcosaint sin freisin. Ciallaíonn sé nach féidir le fostóir pionós a chur ar fhostaí, a thuairiscíonn, de mheon macánta, sárú amhrasta ar an Acht Iomaíochta dúinn.

Líon Iomlán na nGearán a fuair an tÚdarás in 2010.⁴	
Líon iomlán a fuarthas	235
Réitithe ar iad a scagadh	109
Measúnaithe	112
- fós ar siúl	47
- réitithe	65
Curtha le himscrúduithe/obair reatha	14
 Conas dul i dteagmháil leis an Údarás Iomaíochta chun gearán a dhéanamh faoi shárú amhrasta ar an dlí:	
Foirm ghearáin ar líne:	www.tca.ie/complaints.html
R-phost:	complaints@tca.ie
Fón:	Íosghlao: 1890 220 224 (idirn.:+353-1-8045400)
Facs:	+353-1-8045401
Eile:	At tÚdarás Iomaíochta, Teach Parnell, 14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

⁴ Léirítear gach gearán a fuair an tÚdarás in 2010 sna figiúirí sin, lena n-áirítear 166 gearán faoi fhorfheidhmiú.

Cásanna a Chur in Ord Tosaíochta

In 2010, rinneamar athbhreithniú ar na prionsabail a úsáidtear ar fud an Údaráis Iomaíochta chun tionscadail agus cásanna a roghnú agus a chur in ord tosaíochta. Ba é a bhí faoi chaibidil ná an próiseas a úsáidimid lena dhéanamh amach cé acu dár bhfeidhmeanna lánroghnacha – lena n-áirítear staidéir ar an margadh, imscrúduithe agus imeachtaí dlí – ar a leithdháilfimid ár n-acmhainní ganna. An aidhm a bhí ann, ná, an próiseas sin a chur ar bhonn foirmiúil agus athbhreithniú a dhéanamh air, nuair is cúí. Tá sé beartaithe againn eolas ar an ábhar sin a fhoilsiú in 2011.

2 DLÍ NA HIOMAÍOCHTA A CHUR I BHFEIDHM

Is é príomhchuspóir dlí na hiomaíochta, ná, dul chun tairbhe do thomhaltóirí agus iad a chosaint, ionas gur féidir leo seirbhísí agus earraí a cheannach ar phraghas iomaíoch. Má bhíonn iomaíocht níos mó ann cinntítear go bhfaigheann tomhaltóirí luach ar airgead, spreagtar cúrsaí gnó agus cuirtear leis an ngeilleagar ina iomláine. Fágann iompar frithiomaíoch a bhíonn ar bun ag gnóthaí, mar shampla, praghas-socrú, go mbíonn ar thomhaltóirí praghsanna níos airde a íoc gan aon bhuntáistí breise a fháil, agus laghdaítear acmhainn iomaíochta gheilleagar na hÉireann ina iomláine.

Tá sé ar cheann dár bpríomhfheidhmeanna dlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm agus caingean dlí a thionscnamh más dóigh linn gur sáraíodh an dlí.

I gcásanna áirithe, más dóigh linn gur sáraíodh dlí na hiomaíochta, tabharfaimid cás sibhialta os comhair na gCúirteanna. Tugtar cásanna eile chun críche tar éis socruithe ina n-aithníonn na páirtithe ciontacha a gcuid iompair fhrithiomaíoch agus réitíonn siad é. Ach tugtar formhór na gcásanna chun críche tar éis cinntí inmheánacha nach bhfuil sárú ar an Acht i gceist leo.

I gcás ina mbíonn dóthain fianaise ar chomhaontuithe cairtéil choiriúil bailithe againn, cuirimid comhad ar an gcás sin chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena ionchúiseamh ar díotáil.

In 2010, sheolamar imscrúdú fada agus casta ar chairtéal agus chuireamar comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag moladh go ndéanfaí roinnt cuideachtaí agus daoine aonair a ionchúiseamh. Léiríonn an obair sin ár dtiomantas do dhul i ngleic le héifeachtaí díobhálacha na gcairtéal.

Déanaimid iarracht freisin cabhrú le gnóthais dlí na hiomaíochta a chomhlíonadh trí threoir chuí a thabhairt. Le linn 2010, rinneamar athbhreithniú ar ár dtreoir maidir leis na réimsí seo a leanas; comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe, leithdháileadh gás peitriiliam leachtach sorcóra agus miondíol breoslaí mótaí.

In 2010, fuaireamar

- 31 gearán nua faoi iompar cairtéil choiriúil líomhnaithe, agus seoladh imscrúdú mionsonraithe mar thoradh ar cheann amháin de na gearáin sin. Maidir leis na gearáin eile, tugadh 21 ceann chun críche in 2010, agus tá 9 gcinn fós á measúnú.
- 135 gearán nua faoi chomhaontuithe frithiomaíocha agus mí-úsáid ceannasachta, tugadh 112 ceann chun críche le linn na bliana.

Chomh maith leis sin, chríochnaíomar athbhreithniú ar roinnt gearán a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin. Ina measc bhí 12 ghearán faoi iompar cairtéil choiriúil a líomhnaíodh a bheith déanta agus 31 gearán faoi comhaontuithe frithiomaíocha agus mí-úsáid ceannasachta.

Bhí sé imscrúdú ar chairtéil choiriúla ar siúl i rith 2010. Bhí na himscrúduithe sin beagnach tugtha chun críche ag deireadh 2010. Chinn ár n-imscrúdaitheoirí nár sáraíodh an tAcht Iomaíochta in dhá cheann de na cásanna sin. Sa tríú cás, níor aimsíodh dóthain fianaise fós chun údar ceart a thabhairt le hionchúiseamh a mholadh don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tugadh cás amháin chun críche agus cuireadh comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag moladh go ndéanfaí ionchúiseamh ar díotáil, agus tá an dá chás eile fós á n-imscrúdú go gníomhach.

Bhí seacht n-imscrúdú shibhialta ar siúl le linn 2010. Bhí dhá cheann de na himscrúduithe sin tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2010. Chuireamar deireadh le hobair imscrúdaithe ar dhá chomhad mar gheall ar chaingne príobháideacha a thionscain na páirtithe lena mbaineann. Tá obair fós ar siúl ar na trí imscrúdú eile.

Cásanna os Comhair na gCúirteanna

Cás BIDS

Le linn 2010, tháinig an *cás An tÚdarás Iomaíochta v Beef Industry Development Society (BIDS)* os comhair na hArd-Chúirte. Bhuamar an *cás* seo in Eanáir 2011, sular foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Ba léir cé chomh tábhachtach is a bhí an *cás* in 2010, nuair a chinn an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte. Ní dharna an Coimisiún idirgairt os comhair cúirte náisiúnta ar an dóigh sin ach i dtrí chás roimhe sin.

Bhain an *cás* le comhaontú idir iomaitheoirí chun acmhainn a laghdú i dtionscal próiseála mairteola na hÉireann. De réir an chomhaontaithe sin thabharfadh na rannpháirtithe móra sa tionscal íocaíocht do na rannpháirtithe sin a d'fhágfadh an tionscal go deonach. Mar chúiteamh ar an íocaíocht sin, bheadh na rannpháirtithe a bhí ag fágáil sásta a monarchana a dhíchoimisiúnú, staonadh ó aon tailte lena mbaineann a úsáid chun próiseála ar feadh tréimhse cúig bliana agus clásal gan dul in iomaíocht a shíniú maidir le próiseáil in aon áit in Éirinn ar feadh dhá bhliain.

Ba é an tuairim a bhí againn ná nach raibh an scéim ag teacht le halt 4(1) den Acht Iomaíochta, 2002, ná le hAirteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus rinneamar caingean dlí a thionscnamh in 2003. Tá roinnt céimeanna a bhaineann leis an gcás curtha i gcrích ó shin.

- In Iúil 2006, chinn an Ard-Chúirt nach raibh sé mar chuspóir ag an gcomhaontú iomaíocht a chosc, a shrianadh ná a shaobhadh agus nach raibh an éifeacht sin aige agus nár sháraigh sé Airteagal 101 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá bhrí sin.
- Rinneamar achomharc chuig an gCúirt Uachtarach in aghaidh an bhreithiúnais sin.
- I Márta 2007, d'iarr an Chúirt Uachtarach ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh rialú a thabhairt ar cibé an mbeadh iomaíocht a shrianadh mar chuspóir ag comhaontú amhail comhaontú BIDS, inar chomhaontaigh na hiomaitheoirí sa tionscal sin, eatarthu féin, an tionscal ar fad a athstruchtúrú.
- An 20 Samhain 2008, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go raibh sé de chuspóir ag comhaontú BIDS iomaíocht a shrianadh agus nach bhfuil sé ag teacht le hAirteagal 101(1) de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- An 3 Samhain 2009, chinn Cúirt Uachtarach na hÉireann gur sháraigh comhaontú BIDS Airteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Chuir an Chúirt Uachtarach an *cás* ar ais chuig an Ard-Chúirt chun a chinneadh ar chomhlíonadh na coinníollacha le haghaidh díolúine atá leagtha amach in Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Le linn na n-imeachtaí san Ard-Chúirt in 2010, chinn an Coimisiún idiragairt a dhéanamh sa chás agus chuir sé isteach barúlacha i scríbhinn de bhun Rialachán (CE) Uimh1/2003 ón gComhairle. Faoi Airteagal 15(3) den Rialachán sin, féadfaidh an Coimisiún barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid chúirteanna na mBallstát i gcás inar gá sin chun Airteagail 101 nó 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme ar bhonn comtháite.

Sula raibh deis ag an Ard-Chúirt teacht ar bhreith faoi chur chun feidhme Airteagal 101(3) maidir le comhaontú BIDS, tharraing BIDS siar a éileamh ar dhíolúine faoi Airteagal 101(3) agus chomhaontaigh siad ranníocaíocht shubstantiúil a íoc i leith ár gcostas sa chás.

Cás Iarnród Éireann

Rinne an tÚdarás dhá chuideachta agus duine amháin a ionchúiseamh go hachomair in 2008 i ndáil le himscrúdú faoi phraghas-socrú/camastaíl tairiscintí a líomhnaíodh a rinneadh ar chonradh ar iarr Iarnród Éireann tairiscintí ina leith. Níor ghlac an Chúirt Dúiche le dlínse ar an mbonn go raibh an cás sách tromchúiseach agus sách casta le go bhféadfadh cúirt níos airde déileáil leis. Thoiligh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí leis an gcás a chur faoi bhráid na Phríomh-Chúirte Coiriúla chun é a ionchúiseamh ar díotáil. An 26 Eanáir, 2009, shocraigh an Chúirt go gurbh é dáta na trialach ná an 2 Samhain 2009.

Ba é ba chúis leis na deacrachtaí ná rialú i dtaobh athbhreithniú breithiúnach sa chás neamhghaolmhar *Reade -v- an Breitheamh Reilly & an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2007] IEHC44, a raibh tionchar aige ar dhlínse na Cúirte Coiriúla Cuarda agus na Phríomh-Chúirte Coiriúla cásanna a éisteacht i gcás inar dhiúltaigh Breitheamh den Chúirt Dúiche glacadh le dlínse. Roimhe sin, cuireadh cásanna den chineál sin ar aghaidh chun trialach ar díotáil os comhair cúirte níos airde.

Tharraing an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an cás siar i mí Eanáir ag féachaint do rialú dlínsiúil na Cúirte Uachtaraí. I Márta 2010, thionscain an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh ar díotáil arís le héisteacht ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil agus socraíodh go mbeidh triail ar siúl i Meitheamh 2011.

Cásanna Ola Téite

Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, bhí 17 gcás ciontaithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cheana sna cásanna 'ola téite'. Is é a bhí i gceist leis ná cuideachtaí agus stiúrthóirí a ionchúiseamh a fuarthas ciontach i bpáirt a ghlacadh i bpraghas-socrú neamhdhleathach mar bhaill de chairtéal ola do thithe a théamh in iarthar na hÉireann. Tá cás amháin fós ar siúl mar chuid den imscrúdú sin, *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Patrick Hegarty*.

Sa chás seo, chuir an cosantóir dúshlán faoi dhlíthíocht na n-imeachtaí ina choinne. Bhí a agóid dhlíthiúil bunaithe ar an bhfíric nár eisíodh aon imeachtaí i gcoinne na cuideachta ag a raibh sé fostaithe agus nár cúisíodh a chuideachta riamh sa chion líomhnaithe i ndáil le dlí na hiomaíochta. Tá an argóint déanta ag an gcosantóir nach féidir é a chiontú i gcion líomhnaithe cairtéil mura ndéantar a fhostóir (a líomhnaítear a bheith ag glacadh páirte sa chairtéal) a chiontú sa chion ar dtús.

Chuir an Chúirt Chuarda an cheist dlí seo faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí lena breithniú (próiseas ar a dtugtar 'cúis chomhairleach arna sonrú'). I mí na Samhna, 2010, d'éist an Chúirt Uachtarach le haighneachtaí na bpáirtithe agus tabharfaidh sé a breithiúnas faoin gcás in 2011. Má thugann an Chúirt

Uachtarach breith i bhfabhar an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, is féidir ionchúiseamh an duine chúisithe sa chion líomhnaithe dul chun trialach.

Imscrúduithe atá Tugtha Chun Críche

Bhí roinnt imscrúduithe ar bun againn le linn 2010, agus tugadh trí cinn díobh chun críche le linn na bliana. Toisc nach raibh aon fhianaise ann go ndearnadh cion faoin Acht, chinneamar deireadh a chur leis na himscrúduithe sin gan aon bheart breise a dhéanamh.

Tá cur síos thíos ar dhá shampla de ghearáin inar líomhnaíodh iompar frithiomaíoch a bheith ar bun agus ar an mbeart a chuir an tÚdarás i gcrích ina dhiaidh sin.

An Loisceoir ag an bPoll Beag

Le linn 2010, rinneamar measúnú ar ghearán inar líomhnaíodh go raibh sáruithe ar dhlí na hiomaíochta sa chonradh chun an Loisceoir Beartaithe Dramhaíl-go-Fuinneamh ag an bPoll Beag a oibriú. Bhí roinnt gnéithe ag an ngearán seo. Tá roinnt gnéithe den imscrúdú tugtha chun críche fad agus atá gnéithe eile fós ar siúl.

Tá sé beartaithe go mbeidh an loisceoir ag an bPoll Beag á thógáil agus á oibriú ag Dublin Waste-to-Energy Ltd (DWEL) ar son Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ar son na n-údarás áitiúil eile i limistéar Bhaile Átha Cliath. Is é atá in DWEL ná chomhfhiontar idir Dong Energy Generation AS agus Covanta Energy. Tá an comhaontú idir DWEL agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leagtha amach i gconradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí.

Faoi théarmaí an chonartha, caithfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, gach bliain le linn shaolré an chonartha, dóthain dramhaíola a sholáthar chun céatadán comhaontaithe d'acmhainn an loisceora a líonadh.

Rinne an Irish Waste Management Association (IWMA), an comhlachas trádála a dhéanann ionadaíocht ar chuideachtaí bainistíochta dramhaíola príobháideacha in Éirinn, gearán linn gur sháraigh téarmaí éagsúla an chonartha alt 4 (comhaontuithe frithiomaíocha) agus alt 5 (mí-úsáid ceannasachta) den Acht Iomaíochta, 2002.

Maidir le halt 4 den Acht, bhí sé ar cheann de líomhaintí IWMA go raibh córas praghas-socraithe sa chonradh, rud a bheadh ina shárú crua ar an Acht. Tar éis dúinn an conradh a scrúdú go cúramach, chinneamar go bhfuil an conradh cosúil le socrú comhpháirtíochta ina bhfuil tairbhe agus rioscaí an fhiontair a roinnt ag an dá pháirtí. Tá foráil sa chonradh mar sin maidir le pléití agus comhairliúcháin idir na páirtithe ar go leor de na gnéithe a bhaineann le bainistíocht an ionaid, lena n-áirítear praghsáil. Is deimhin linn nach ionann na forálacha comhairliúcháin idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus DWEL, nuair a dhéantar anailís orthu i gcomhthéacs an chonartha ar an iomlán, agus sárú ar an Acht.

Rinne an IWMA gearán freisin gur fhág scála an loisceora, agus an fhíric go bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina chomhlacht poiblí a bhfuil feidhmeanna reachtúla aige maidir le bainistíocht dramhaíola, go raibh ceannasacht ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó DWEL sa mhargadh próiseála dramhaíola i gceantar Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ar cheann de na líomhaintí faoi alt 5 den Acht go mbeadh iompar ar bun ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó ag DWEL a d'fhéadfadh a bheith ina mí-úsáid

ceannasachta sa mhargadh próiseála dramhaíola. Rinneamar mionscagadh ar an gceist sin agus chinneamar nach dócha go dtarlódh an mhí-úsáid líomhnaithe, ag féachaint do struchtúr reatha an mhargaidh phróiseála dramhaíola agus don mhargadh bailithe dramhaíola lena mbaineann.

Tar éis dúinn measúnú géar a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den ghearán, chinneamar go mbeadh tionchar ag an loisceoir agus ag an gconradh comhpháirtíochta príobháidí poiblí ar an margadh bailithe agus diúscartha dramhaíola, ach nach mbeadh tionchar acu ar na margáí sin ar dhóigh fhrith-iomaíoch, áfach.

Rinne an IWMA gearáin freisin a bhaineann le ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar eiseitheoir ceadúnais bhailithe dramhaíola agus mar iomaitheoir sa margadh bailithe dramhaíola i mBaile Átha Cliath. Tá ár n-imscrúdú ar an ngné sin den ghearán ag dul ar aghaidh.

Eiseachas Táillefíse (Pay-TV) i bhForbairtí Árasán

In 2009, d'fhoilsíomar Nóta Treorach agus Nóta Cinnidh Forfheidhmithe maidir le heiseachas Táillefíse i bhforbairtí árasán. An chúis a bhí leis sin, ná, gearáin nárbh fhéidir le roinnt cónaitheoirí árasáin an soláthraí táillefíse a athrú, mar gheall ar shocruithe eiseachais a rinneadh idir soláthraí bunaidh na seirbhíse táillefíse agus an forbróir le linn chéim na tógála. Chinneamar nach dócha go sáródh comhaontuithe eiseachais dhá bhliain nó níos lú an tAcht Iomaíochta, ach nach mór comhaontuithe a mhaireann níos faide ná dhá bhliain a mheasúnú de réir an cháis.

Le linn 2010, chríochnaíomar measúnú ar ghrúpa comhaontuithe eiseachais a bhaineann le roinnt forbairtí nua i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear Carrickmines Green, Archers Wood agus Halla an Cholgáis. Sna forbairtí sin, bhí sé i gceist ag Digigate, an soláthraí teilifíse eisiach, cearta eiseachais a choinneáil ar feadh tréimhse i bhfad níos faide ná dhá bhliain. Chuireamar in iúl do Digigate go raibh inní orainn faoin méid seo agus baineadh na cearta eiseachais. Shonraigh Digigate go bhféadfadh duine ar bith a bhí ag úsáid seirbhísí Digigate éirí as iad a úsáid dá mba mhian leo, agus go bhféadfadh soláthraithe teilifíse eile teacht ar na forbairtí lena mbaineann. Chuireamar deireadh leis an imscrúdú, mar gheall ar an toradh sásúil sin.

Leanfaimid orainn measúnú a dhéanamh, de réir an cháis, ar shocruithe eiseachais táillefíse a mhaireann níos faide ná dhá bhliain.

An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Bhunaigh an rialtas an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) ar an 21 Nollaig mar fhreagairt do ghéarchéim airgeadais na hÉireann. Is é atá in NAMA ná:

*"an asset management company that will acquire good and bad loans from participating institutions. It will manage these assets (hold, dispose, develop or enhance them) with the aim of achieving the best possible return for the taxpayer on the acquired loans and on any underlying assets over a 7-10 year timeframe."*⁵

Faoi alt 215(1) den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, níl feidhm ag an Acht Iomaíochta, 2002 maidir le gníomhaíochtaí

⁵ The National Asset Management Agency: A Brief Guide (30 Márta 2010) <http://www.nama.ie/Publications/2010/NAMABriefGuide30March2010.pdf>

NAMA i ndáil le fáil sócmhainní bainc. Ach, tagann iompar NAMA tar éis dó sócmhainní a fháil faoi raon feidhme an Achta. Beidh monatóireacht á déanamh againn ar cibé an bhfuil NAMA ag comhlíonadh an Achta tar éis dó sócmhainní a aistriú.

I bhFeabhra 2010, faoi rialacha an AE maidir le Cúnamh Stáit, d'fhaomh an Coimisiún Eorpach scéim NAMA mar bheart ar mhaithe le "*remedy a serious disturbance in the economy of a Member State*". Ach, ag féachaint do na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag scéim NAMA ar dhlí iomaíochta na hÉireann, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar údaráis na hÉireann gealltanais a thabhairt tuairisciú ar bhonn bliantúil don Choimisiún agus d'údaráis iomaíochta náisiúnta na hÉireann maidir le cumhachtaí NAMA tar éis dó sócmhainní a fháil, agus fuair siad an gealltanais sin. Tá sé sin le tarlú níos déanaí in 2011. Thug an Coimisiún faoi deara go bhféadadh an ceanglas sin go mbeadh an Coimisiún agus Údaráis Iomaíochta na hÉireann in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: "*to take any action they consider adequate if they deem that NAMA's use of its powers has resulted in competition distortions.*"⁶

Anuas air sin, tagraíonn roinnt forálacha den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 go sainráite don Acht Iomaíochta, 2002, mar shampla:

- Sonraítear in Alt 202(6) nach cion é ag duine faisnéis faoi rún a nochtadh don Údarás Iomaíochta i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin ina bun le drochamhras réasúnach a bheith ann gur sáraíodh dlí na hiomaíochta.
- Foráiltear le halt 203, i gcás go bhfuil cúis ag NAMA drochamhras a bheith aige go mb'fhéidir gur sháraigh foras rannpháirteach dlí na hiomaíochta, go ndéanfaidh NAMA an fhaisnéis a fhágann go bhfuil an drochamhras sin aige a thuairisciú don Údarás Iomaíochta.
- Foráiltear le halt 208(11) nach gceadóidh an tAire Airgeadais plean athstruchtúrúcháin ná plean gnó d'fhoras rannpháirteach nach mbeidh de réir dhlí na hÉireann agus dhlí na gComhphobal Eorpach a bhaineann le hiomaíocht.

An Clár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil

Is uirlis thábhachtach é an Clár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil ó thaobh cairtéil choiriúla a aimsiú. Táimid i gceannas ar an gclár sin i gcomhar leis an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí. In 2010, rinneamar athbhreithniú ar an gClár lena chinntiú go léirítear dea-chleachtas idirnáisiúnta i gcónaí ann.

Athbhreithniú Beartaithe ar an gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil

De bhua an Chláir um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil, is féidir díolúine ó ionchúiseamh as ciontaí cairtéil a dheonú d'iaratasóir, má thugann siad eolas a chuireann faoi deara go ndéantar baill eile den chairtéil a ionchúiseamh. Chabhraigh an clár le foinsí tábhachtacha fianaise a sholáthar ar mhaithe le gníomhaíochtaí cairtéil líomhanta a imscrúdú. Tá an Clár i bhfeidhm ó Nollaig 2001 i leith agus in 2010 chinneamar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ina n-oibríonn sé i ndáiríre.

⁶ "European Commission decision on the Establishment of a National Asset Management Agency: Asset relief scheme for banks in Ireland".

D'fhoilsigh an tÚdarás agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí páipéar comhairliúcháin i mí Iúil 2020, inar moladh leasuithe ar an gClár agus inar iarradh ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur isteach. Fuaireamar aighneachtaí ó ghnólachtaí dlí intíre, ó Dhlí-Chumann na hÉireann agus ó roinnt tráchtairí tábhachtacha idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear an American Bar Association⁷, Biúró Iomaíochta Cheanada, Coimisiún Iomaíochta agus Tomhaltóirí na hAstráile agus ó bhaill foirne ar leith de Choimisiún Tráchtála na Nua-Shéalainne.

Anuas air sin, reáchtáil Cumann Dlí Eorpach na hÉireann plé ar an athbhreithniú ar an gClár in Iúil 2010. Bhí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina chathaoirleach ar an bplé sin. Thug Stiúrthóir Roinn na gCairtéal, an tUasal Gerald FitzGerald aitheasc, agus fuarthas freagraí ó Remy Farrell, BL agus David Phelan, aturnae. Tá an Clár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil athbhreithnithe le foilsiú go luath in 2011.

Dearbhuithe faoi Chatagóirí

De bhua an Achta Iomaíochta is féidir linn a dhearbhu i scríbhinn nach meastar go bhfuil catagóir shonraithe de chomhaontuithe, de shocruithe, ná de chleachtas chomhbheartaithe frithiomaíoch agus go bhfuil siad díolmhaithe ó alt 4 den Acht. Foilsimid na tuairimí sin mar Dhearbhuithe (*Declarations*).

Le linn 2010, rinneamar athbhreithniú ar na Dearbhuithe reatha go léir. D'fhoilsíomar doiciméad comhairliúcháin i mí Iúil ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara faoinár moltaí maidir le trí Dhearbhú.

1. Dearbhú na gComhaontuithe Ingearacha, a bhaineann le socruithe tráchtála idir páirtithe éagsúla ar leibhéal éagsúla den slabhra dáileacháin, lena n-áirítear soláthraithe agus athdhíoltóirí.
2. An Dearbhú faoi Ghás Peitri Liam Leachtach (LPG) Sorcóra, a bhaineann le comhaontuithe faoi cheannach eisiach maidir le LPG sorcóra.
3. Dearbhú faoi Chatagóir na mBreoslaí Mótair, a bhaineann le comhaontuithe faoi cheannach eisiach

Iarradh tuairimí sa doiciméad comhairliúcháin chomh maith faoin téacs a bheadh i nDearbhú nua faoi LPG builc.

Fuaireamar 14 aighneacht. Tá tuairisc tugtha againn thíos faoin toradh i ngach cás.

Dearbhú na gComhaontuithe Ingearacha

Sa doiciméad comhairliúcháin, mholamar Dearbhú na gComhaontuithe Ingearacha a chur i gcomhréir le Rialachán nua blocdhíolúine an AE i leith Comhaontuithe Ingearacha. Mholamar freisin gan an Fógra faoi Chomhaontuithe Ingearacha a athnuachan tar éis dó dul in éag. Thacaigh siad siúd a rinne aighneachtaí leis na moltaí sin trí chéile.

Tháinig an Dearbhú Catagóire nua maidir le Comhaontuithe Ingearacha agus Cleachtas Chomhbheartaithe ((D/10/001) i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2010. Déanann sé roinnt catagóirí de chomhaontuithe ingearacha agus de chleachtas chomhbheartaithe a dhíolmhú ón toirmeasc atá leagtha amach in

⁷ Fuarthas comh-aighneacht ó Roinn in aghaidh Trustaí, Roinn Ceartais Choiriúil, agus Roinn Dlí Idirnáisiúnta an Chumainn.

alt 4 den Acht. Cuireann an Dearbhú nua an díolúine Éireannach i gcomhréir le díolúine an Choimisiúin Eorpaigh.

Anuas air sin, d'fhorbraíomar Nóta Treorach nua (N/10/01) le haghaidh gnóthas maidir le conas comhaontuithe ingearacha a mheasúnú agus an difear idir an Dearbhú agus Rialachán blocdhíolúine an AE i leith Comhaontuithe Ingearacha. Go bunúsach, is ionann an treoir sa Nóta nua agus ráiteas go leanfaimid cur chuige an Choimisiúin Eorpaigh, seachas roinnt bheag eisceachtaí, nuair atá comhaontuithe ingearacha nó cleachtais chomhbheartaithe á measúnú againn.

Is é an t-athrú is mó ná go bhfuil feidhm ag an Dearbhú anois maidir le comhaontuithe ingearacha ar an gcoinníoll, i measc rudaí eile, gur lú ná 39% siar an cheannaitheora den mhargadh. Sa Sean-Dearbhú, ní raibh feidhm ag an tairseach seo ar sciar an cheannaitheora den mhargadh ach maidir le hoibleagáidí i leith soláthair eisiach. Chomh maith leis sin, mionathraíonn an Dearbhú nua roinnt de na srianta crua a rinneadh roimhe sin, is é sin le rá, na srianta sin nach mbaineann leas *riamh* as an díolúine a thugtar sa Dearbhú.

Difear amháin idir an Dearbhú nua agus Rialachán Blocdhíolúine an AE i leith Comhaontuithe Ingearacha ná an chaoi a ndéileáiltear le comhthiomsú ceannaitheoirí. In Airteagal 2(2) de bhlocdhíolúine an AE i leith Comhaontuithe Ingearacha, luaitear díolúine i leith comhthiomsaigh ceannaitheoirí miondíola, i gcás nach bhfuil láimhdeachas os cionn €50 milliún ag ball ar leith de chomhthiomsú (ná ag a ghnóthas lena mbaineann). Moladh i roinnt aighneachtaí gur chóir go mbeadh téarmaí dá samhail sa Dearbhú Éireannach. Chinneamar nach mbeadh na tairseacha airgeadais a úsáidtear i mBlocdhíolúine an AE i leith Comhaontuithe Ingearacha oiriúnach i gcomhthéacs na hÉireann.

Déanfar athbhreithniú ar Dhearbhú na gComhaontuithe Ingearacha tar éis 6 bliana. Rachaidh Dearbhú na gComhaontuithe Ingearacha nua in éag i gceann 10 mbliana ar an 1 Nollaig 2020.

An Dearbhú faoi LPG Sorcóra

Mar a moladh sa chomhairliúchán, d'fhágamar an Dearbhú faoi LPG Sorcóra (D/05/001) i bhfeidhm gan leasú go dtí a dháta éagtha (31 Márta 2015). Baineann an Dearbhú le comhaontuithe faoi cheannach eisiach maidir le Gás Peitriiliam Leachtach (LPG) sorcóra, is é sin le rá, nuair a chomhaontaíonn athdhíoltóir le soláthraí branda ar leith de LPG Sorcóra a dhíol. Cuireann an Dearbhú teorainn dhá bhliain le comhaontuithe eisiacha sa mhargadh LPG Sorcóra.

Má chomhlíonann siad téarmaí an Dearbhaithe ina n-iomláine, beidh soláthraithe LPG Sorcóra cosanta ar ionchúiseamh faoi dhlí na hiomaíochta.

Dearbhú faoi Bhreoslaí Mótair

Bhí tuairimí á lorg inár gcomhairliúchán faoi thogra chun ligean don Dearbhú faoi Bhreoslaí Mótair dul in éag. Go ginearálta, bhí na haighneachtaí ar son ár moltaí agus níor tugadh aon chúiseanna a chuirfeadh iallach orainn an Dearbhú a choinneáil.

Chinneamar go mbeadh sé feiliúnach, ag féachaint don athrú ar an margadh, a ligean don Dearbhú faoi Bhreoslaí Mótair dul in éag ar an 30 Samhain 2010. Tá comhaontuithe maidir le réamhchúirteanna garáistí faoi chuimsiú Dhearbhú na gComhaontuithe Ingearacha anois, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2010.

LPG Builc

D'iarramar aighneachtaí chomh maith maidir le cibé ar chóir dúinn Dearbhú faoin margadh LPG Builc a eisiúint. Níl cinneadh déanta againn faoin gceist seo go fóill. Tá taighde breise a dhéanamh againn ar an gcaoi a n-oibríonn iomaíocht sa mhargadh seo agus tá sé i gceist againn cinneadh a dhéanamh in 2011 faoi cibé an ndéanfaimid nó nach ndéanfaimid Dearbhú.

Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe

Faoin Acht Iomaíochta, tugtar cumhachtaí forleathana dúinn lena n-úsáid in ár n-obair forfheidhmithe. De bharr na gcumhachtaí sin, is féidir linn eolas a fháil, sa chás nach dócha go dtabharfaí é go deonach, nó sa chás gur diúltaíodh é a thabhairt cheana féin.

Tábla 11: Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe in 2010

Cumhacht Forfheidhmithe	2010
Barántais Chuardaigh	0
Toghairmeacha	2

Tábla2: Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta

Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe	Cur Síos
Cineálacha Imscrúduithe a rinneadh	<ul style="list-style-type: none">• Imscrúduithe coiriúla• Imscrúduithe sibhialta• Measúnú ar chumaisc• Staidéir fhoirmiúla
Cumhacht dul isteach agus cuardach	Féadfaidh oifigigh údaraithe dul isteach in aon fhoirgneamh nó aon áitreabh agus é a chuardach le barántas arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche
Cumhacht doiciméid agus taifid a urghabháil trí bharántas	Féadfaidh Oifigigh Údaraithe doiciméid/taifid a urghabháil le barántas arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche
Cumhacht toghairm a chur ar fhinnéithe agus a cheangal orthu taifid agus eolas a sholáthar	Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta toghairm a chur ar fhinné chun é nó í a scrúdú faoi mhionn agus a cheangal ar an bhfinné sin taifid agus eolas a sholáthar Tá na díolúintí agus na pribhléidí céanna ag finnéithe agus atá ag finné os comhair na hArd-Chúirte Cion coiriúil is ea neamh-chomhlíonadh

Tábla 3: Pionóis agus Réitigh

<p>Leibhéal Uasta fíneálacha & pionós</p>	<p>Coiriúil (ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil) - €4 milliún nó 10% de láimhdeachas, cibé acu is mó, agus/nó suas le cúig bliana i bpríosún</p> <p>Coiriúil (achomair sa Chúirt Dúiche) - €3,000 agus/nó suas le sé mhí i bpríosún</p> <p>Caingean Shibhialta (arna tionscnamh ag an Údarás Iomaíochta) – Faoiseamh urghaire agus dearbhaitheach in ionad fíneálacha</p> <p>Caingean Shibhialta (arna tionscnamh ag páirtithe díobhálaíthe) – Damáistí de rogha na Cúirte</p>
---	--

3. MEASUNU AR CHUMAISIC AGUS AR FHALTAIS

Úsáideann gnóthais cumaisc agus fáltais mar bhealach athstruchtúraithe le gur féidir leo dul san iomaíocht níos fearr agus le go mbeidh rath orthu. D'fhéadfadh roinnt cumasc dul chun dochair do thomhaltóirí, áfach, a bhfeictear ardú praghsanna nó leibhéal níos ísle táirgeachta mar thoradh orthu, mar shampla. Is é sin le rá, téann iomaíocht i laghad go mór agus bíonn tomhaltóirí (lena náirítear gnóthais) thíos leis.

Ní mór muid a chur ar an eolas faoi chumaisc a sháraíonn tairseach áirithe airgid. Is é is aidhm dúinn athbhreithniú tráthúil a dhéanamh ar chumaisc ionas nach mbaintear moill as cumaisc a théann chun tairbhe don gheilleagar agus do na tomhaltóirí. Ag an am céanna, cosnaímid leasa tomhaltóirí go gníomhach agus tá sé de chumhacht againn bac a chur le cumasc má chinnimid go ndéanfar "iomaíocht a laghdú go mór" mar thoradh air.

Fuaireamar 46 fógra i dtaobh cumasc in 2010. Tháinig méadú mór ar líon na gcumasc agus na bhfáltas ar tugadh fógra fúthu in 2010 i gcomparáid le 2009. Tháinig méadú freisin ar líon na gcumasc sna meáin ar tugadh fógra fúthu in 2010 i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin. Táimid ag súil go leanfar den treocht sin in 2011 freisin.

Le linn 2010, rinneamar iarratas ar achomharc na Cúirte Uachtaraí i gcás Kerry/Breeo a éisteacht ar bhonn tosaíochta. Níor deonaíodh an t-iarratas sin agus tá an cás fós ag feitheamh ar dháta éisteachta.

Córas Éifeachtach chun Cumaisc a Athbhreithniú

Déanaimid ár ndícheall le córas éifeachtach chun cumaisc a athbhreithniú a bheith againn agus aithníodh gur éirigh linn é sin a bhaint amach in 2010. D'fhoilsigh an Lárionad um Dhlí agus Eacnamaíocht na hEorpa (Centre for European Law and Economics) torthaí tionscadail inar measúnaíodh agus ina ndearnadh comparáid idir éifeachtacht institiúideach na gcórais athbhreithnithe cumasc ar fud an domhain. Sa tionscadal measúnaíodh córais athbhreithnithe cumasc agus rinneadh na tréithe seo a leanas a thomhas:

- éifeachtúlacht,
- neamhspleáchas,
- intuarthacht,
- cumas teicniúil,
- solúbthacht, agus
- iontaofacht.

Bunaíodh na torthaí ar fhreagraí ar an suirbhé a thug 257 saineolaí rialaithe cumasc ar thús cadhnaíochta ó 60 dlínse éagsúil. Tiomsaíodh na torthaí in Innéacs Domhanda um Rialú Cumasc 2010 agus cuireadh Éire sa dara háit i ndiaidh Cheanada. I measc 27 Ballstát an AE, fuarthas sa suirbhé gurb ag Éirinn agus ag an Ísiltír atá na córais athbhreithnithe cumasc is éifeachtúla.

An Earnáil Airgeadais

Foráiltear leis an *Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008*, nach mór fógra a thabhairt don Aire Airgeadais, in ionad an⁸ Údaráis Iomaíochta, faoi roinnt cumasc agus fáltas beartaithe lena mbaineann forais chreidmheasa. Níor cuireadh aon chumasc in iúl in 2010 faoin reacht sin, ar feadh ár n-eolais. Ach, ghlacamar páirt i ngealltanais earnála a cheapadh d'earnáil baincéireachta na hÉireann in éineacht leis an Roinn Airgeadais, an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an Rialtóir Airgeadais.

Athbhreithniú Beartaithe ar Threoirlínte maidir le hAnailís ar Chumasc


I Nollaig 2010, sheolamar comhairliúchán poiblí chun tuairimí a lorg ó pháirtithe leasmhara agus ó chleachtóirí faoin gcaoi ar féidir na Treoirlínte maidir le Cumasc a athbhreithniú agus a nuashonrú. Tá na Treoirlínte maidir le Cumasc ann chun treoir a thabhairt faoin gcaoi a gcinnimid cibé acu an ndéanfaidh cumasc nó fáltas iomaíocht a laghdú go mór nó nach ndéanfaidh. Chun tuilleadh sonraí faoin gcomhairliúchán poiblí a fháil, féach ár bpreaseisiúint i Roinn na bPreaseisiúintí dár láithreán Gréasáin ag www.tca.ie

Fógraí i dtaobh Cumasc a rinneadh sa bhliain 2010

Ní mór cumasc a bhaineann le páirtithe a chomhlíonann na tairseacha airgid san Acht Iomaíochta, 2002 a chur in iúl dúinn lena meas. Maidir le gnóthais áirithe na meán, áfach, ní mór fógraí a thabhairt ina dtaobh i gcónaí, is cuma faoin láimhdeachas a bhíonn i gceist.

I **bhFigiúr 1**, déantar comparáid idir líon na bhfógraí cumaisc a fuarthas in 2008, 2009 agus 2010.

Figiúr 1: Comparáidí míosúla idir na fógraí a fuair an Túdarás Iomaíochta don tréimhse 2008 go 2010



⁸ Tá feidhm ag an gceanglas seo maidir le forais chreidmheasa a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in alt 7(1) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008. Ní bhaineann Acht na bliana 2008 dlínse ón Údarás Iomaíochta, dá bhrí sin.

In **Aguisín B**, tugtar liosta iomlán de na fógraí a fuair an tÚdarás Iomaíochta i dtaobh cumasc in 2010. Ó thaobh an 46 cás a cuireadh iúl dúinn in 2010, is féidir aird a dhíriú ar roinnt pointí staitistiúla.

- Tugadh fógra faoi ocht gcumasc sna meáin.
- Chuireamar ár gcuid oibre i gcrích ar thrí idirbheart ar tugadh fógra fúthu in 2009 agus a raibh spriocdhátaí don bhliain 2010 ag baint leo. I gceann amháin de na cásanna sin, chinneamar, in Eanáir 2010, imscrúdú iomlán (céim 2) a dhéanamh.
- Rinneamar anailís ar gach idirbheart taobh istigh den tréimhse ama reachtach.
- Eisíomar ocht Riachtanas le haghaidh Tuilleadh Eolais i dtrí mheasúnú ar chumasc.
- Cheadaíomar 40 as an 46 fógra, a fuarthas i dtaobh cumasc le linn 2010, le linn an chéad imscrúdaithe (Céim 1), taobh istigh de mhí féilire amháin.
- Cheadaíomar fógra amháin i dtaobh cumasc i gCéim 1 faoi réir coinníollacha.
- Tosaíodh imscrúdú iomlán (Céim 2) i gcás fógra amháin i dtaobh cumasc.
- Thugamar sé fhógra i dtaobh cumasc ar aghaidh go dtí 2011.

Tá staitisticí níos iomláine tugtha in **Aguisín C** faoi na cumasc a ndearnadh measúnú orthu idir 2008 agus 2010.

Cumasc a raibh Imscrúdú Iomlán (Céim 2) ag teastáil uathu

Ní mór dúinn imscrúdú mionsonraithe (imscrúdú Céim 2) a dhéanamh ar idirbheart, má theipeann orainn tar éis réamh-imscrúdú a dhéanamh a mheas an bhfeicfead leibhéal suntasach níos lú iomaíochta mar thoradh air. Chuireamar tús le dhá imscrúdú céim 2 in 2010.

Greenstar/Veolia

An 22 Deireadh Fómhair 2009, tugadh fógra dúinn go raibh sé beartaithe go bhfaigheadh Greenstar Holdings Limited amháin urlámhas ar Veolia Environmental Services (Ireland) Limited. Tugadh an measúnú ar an gcás sin anonn go 2010 agus ar an 7 Eanáir 2010, rinneamar cinneadh dul ar aghaidh go dtí imscrúdú céim 2.

Rinneamar roinnt margaí a mheas mar chuid dár n-imscrúdú. Ba iad sin ná:

- soláthar seirbhísí bainistithe dramhaíola i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath do chustaiméirí tráchtála & tionscail móra nó beaga,
- soláthar seirbhísí bainistithe dramhaíola i réigiún an Oirdheiscirt do chustaiméirí tráchtála & tionscail móra nó beaga,
- soláthar seirbhísí bainistithe dramhaíola i gContae agus i gCathair Chorcaí do chustaiméirí tráchtála & tionscail móra nó beaga,
- an margadh ina ndíoltar ábhar in-athchúrsáilte, agus

- an margadh do bhainistíocht saoráidí athchúrsála thar ceann na gComhairlí Contae.

Ar an 11 Márta 2010, tar éis dúinn ár n-imscrúdú a chur i gcrích, rinneamar cinneadh nach ndéanfaí iomaíocht a laghdú go mór mar thoradh ar an idirbheart beartaithe agus dá bhrí sin gur chóir é a chur in éifeacht.

Barnett/Origin/Hall

Ar an 11 Samhain 2010, fuaireamar fógra go bhfaigheadh W&R Barnett Limited comh-urlámhas ar R&H Hall Limited trí 50% de sciar R&H Hall a fháil ó Origin Enterprises plc. Tar éis an t-idirbheart a chur i gcrích, bheadh comh-urlámhas ag Origin Enterprises plc agus W&R Barnett Limited ar R&H Hall Limited.

Chuireamar imscrúdú chéim 2 ar bun ar an 8 Nollaig 2010, toisc nárbh fhéidir linn teacht ar chinneadh nach ndéanfaí iomaíocht a laghdú go mór mar thoradh ar an bhfáltas beartaithe in aon mhargadh earraí nó seirbhísí sa Stát. Thugamar an t-imscrúdú sin ar aghaidh go dtí 2011 agus cheadaíomar an t-idirbheart i mí Eanáir 2011.

Cumaisc a Cheadaíodh faoi réir Gealltanais

BSL/NIE

Tar éis dúinn measúnú chéim 1 cuimsitheach a dhéanamh, cheadaíomar, faoi réir gealltanais, an t-idirbheart beartaithe faoina mbeadh, i measc rudaí eile, urlámhas ag Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) amháin ar Northern Ireland Electricity plc agus ar a fhochuideachtaí (NIE). Tugadh fógra i dtaobh an idirbhirt ar an 5 Lúnasa 2010.

Le linn an mheasúnaithe, mheasamar roinnt margaí éagsúla. Ba iad sin ná:

- seirbhísí comhairleachta innealtóireachta a sholáthar sa Stát,
- seirbhísí suiteála leictreachais ardvoltais a sholáthar sa Stát,
- leictreachas a tharchur agus a dháileadh sa Stát, agus
- giniúint agus soláthar mórdhíola leictreachais sa Mhargadh Aonair Leictreachais.

Shainaithníomar ábhar imní amháin le linn dúinn an t-idirbheart a mheasúnú. Is é sin le rá go raibh imní orainn go mbeadh an BSL in ann faisnéis íogair ó thaobh cúrsaí tráchtála de a fháil agus a úsáid, tar éis an fháltais, faisnéis a gheobhaidís mar úinéirí ar NIE agus a thabharfadh buntáiste iomaíoch dá ngníomhaíochtaí gnó giniúna agus soláthair ar oileán na hÉireann.

Ar an 29 Deireadh Fómhair 2010, cheadaíomar an cumasc tar éis glacadh le togra ón BSL a rabhamar sásta leis. Bhí an togra sin mar chuid den chúis a bhí againn leis an gcinneadh agus tá sé ina cheangal ar BSL dá bhrí sin.

Alpha Newspaper Group/Newry Democrat - Comhaontú Céadrogha ar Cheannach

Is féidir le páirtithe a thugann fógra cineálacha eile comhaontuithe a dhéanamh nach gá fógra a thabhairt fúthu cé go mbaineann siad le hidirbheart ar tugadh fógra faoi. Measaimid gur chóir gach comhaontú den chineál sin a chur i bhfios dúinn mar chuid den idirbheart ar tugadh fógra faoi.

Mura ndéantar é sin, is féidir moill nach bhfuil gá leis a chur le measúnú ar idirbheart ar tugadh fógra faoi.

I gcás M/10/030 - *Alpha Newspaper Group/Newry Democrat*, níor cuireadh i bhfios dúinn go raibh Comhaontú Céadrogha ar Cheannach ann mar chuid den idirbheart ar tugadh fógra faoi. Is é a bhí de thoradh air sin ná measúnú chéim 1 sínte inar eisiomar dhá Riachtanas le haghaidh Tuilleadh Eolais (is ionann iad sin agus iarratais fhoirmiúla ar eolas ó na páirtithe, faoina stopar an measúnú idir an dá linn, mínítear an próiseas sin tuilleadh sna Nósanna Imeachta um Chumaisc in Éirinn ag deireadh an chaibidil seo).

Chinneamar go raibh baint ag an gComhaontú Céadrogha ar Cheannach leis an idirbheart beartaithe agus gur chóir é a bheith ar áireamh san fhógra i dtaobh an idirbhirt beartaithe. Níor aontaigh na páirtithe leis an tuairim sin. Chuir na páirtithe in iúl dúinn ina dhiaidh sin go raibh an Comhaontú Céadrogha ar Cheannach curtha ar ceal. Tar éis dúinn an t-eolas sin a fháil agus anailís a dhéanamh air, chinneamar nach ndéanfaí iomaíocht sa Stát a laghdú go mór mar thoradh ar an idirbheart beartaithe.

Cumaisc Tharrthála

Mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais agus ar an gcor chun donais geilleagrach, tá roinnt cuideachtaí i gcruachás airgid. In 2010, cuireadh in iúl don Údarás Iomaíochta go ndearnadh roinnt cumasc, ina raibh ceann amháin nó níos mó de na gnóthais lena mbaineann i gcruachás airgid, agus i gcásanna áirithe rinneadh an argóint gur chumasc tarrthála a bhí ann.

Is samplaí iad na trí chás seo a leanas de chumaisc a cuireadh in iúl don Údarás Iomaíochta in 2010. Sna cásanna sin go léir, laghdaíomar líon na laethanta ina bhféadfadh tríú páirtithe aighneachtaí a dhéanamh, de réir ár mbreithiúnais féin, chun dlús a chur leis an bpróiseas measúnaithe.

Sna cásanna sin, níor mheasamar go raibh gá le measúnú a dhéanamh go sonrach ar cibé an raibh cumasc tarrthála ann, is é sin le rá, gnólacht a bhfágfadh a sócmhainní an margadh mura ndéanfaí an t-idirbheart beartaithe. Ina ionad sin, sna trí chás sin go léir, cuireadh in iúl san anailís a rinneamar ar iomaíocht go raibh dóthain cúiseanna ann leis an gcumasc a cheadú, beag beann ar cibé an bhfágfadh an ghnólacht sprice an margadh.

Club Travel/Budget Travel

Ar an 22 Eanáir 2010, cuireadh in iúl dúinn faoin idirbheart beartaithe faoina bhfaigheadh Club Travel limited amháin urlámhas ar Budget Travel Limited (faoi leachtú). Cheadaíomar an t-idirbheart ina raibh Club Travel agus Budget Travel páirteach laistigh de 25 lá, 17 lá oibre. D'aithníomar an gá le dlús a chur leis an bpróiseas athbhreithnithe, os rud é go raibh Budget Travel faoi leachtú, tar éis dó scoir de thrádáil ar an 25 Samhain 2009.

An Post/PostPoint

Ar an 19 Bealtaine 2010, cuireadh in iúl dúinn faoin idirbheart beartaithe faoina bhfaigheadh An Post amháin urlámhas ar fhochuideachta atá faoi úinéireacht go hiomlán ag Postbank Ireland Limited. Tháinig an t-idirbheart beartaithe chun cinn i gcomhthéacs theacht chun deireadh Postbank ar tugadh fógra faoi ar an 26 Feabhra 2010. Chríochnaíomar ár measúnacht ar an idirbheart sin ar an 31 Bealtaine 2010, 13 lá tar éis an fógra a fháil.

Pilgrim (Oaktree Group)/MHL & MCL

Sa chás seo, laghdaíomar an tréimhse ina bhféadfadh tríú páirtithe aighneachtaí a dhéanamh ón deich lá is gnáth go dtí cúig lá, d'fhonn measúnú tapa ar an idirbheart ar tugadh fógra faoi a éascú. Bhí McInerney Homes Limited agus McInerney Contracting Limited faoi stiúthóireacht agus, tar éis dúinn sonraí ar leith an cháis a mheas, d'aontaíomar an teorainn ama le haighneachtaí tríú páirtí a athrú. Chríochnaíomar ár measúnacht ar an idirbheart sin ar an 3 Nollaig 2010, 10 lá tar éis an fógra a fháil.

Cumaisc Lena mBaineann Gnóthais na Meán

Cuirtear san áireamh san Acht Iomaíochta, 2002 go bhféadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta bac a chur le cumasc na meán, ar mhaithe le leas an phobail, i ndiaidh don Údarás Iomaíochta é a cheadú ar chúiseanna iomaíochta tar éis imscrúdú iomlán a dhéanamh.

Tháinig méadú ar líon na gcumasc sna meáin ar tugadh fógra dúinn ina dtaobh in 2010. Tá achoimre i **dTábla 4** thíos ar ocht gcumasc sna meáin ar tugadh fógra dúinn ina dtaobh in 2010.

Tábla 4: Cumaisc sna Meáin ar tugadh fógra fúthu in 2010

Fógra	Earnáil Eacnamaíoch	Dáta an Fhógra	Stádas	Faighte
M/10/007 - Trinity Mirror / Guardian Media	Foilsíú nuachtán agus oibriú láithreán digiteach a bhaineann lena nuachtán.	05/03/2010	Ceadaithe (céim 1)	Trinity Mirror plc
M/10/008 - Lebedev / Independent	Foilsíú nuachtán	25/03/2010	Ceadaithe (céim 1)	The Independent & The Independent on Sunday
M/10/009 - UPC / Broadworks	Margadh táillefíse ilchainéil miondíola, margadh leathanbhanda	06/04/2010	Ceadaithe (céim 1)	UPC Communications Ireland Ltd
M/10/012 - MLM Management Ltd/Gaiety Investments Ltd/Setanta/JV	Craoladh teilifíse	05/05/2010	Ceadaithe (céim 1)	Setanta Sports Channel Ireland Limited and Setanta Sports Hibernia S.a.r.l
M/10/017 - Metropolis / Medical Publications	Earnáil na meán clóite	28/05/2010	Ceadaithe (céim 1)	Irish Medical Times & MMS Ireland
M/10/020 - BSkyB / Virgin Media TV	Craoladh Teilifíse agus am ar an aer le haghaidh fógraíocht teilifíse a dhíol	04/06/2010	Ceadaithe (céim 1)	Virgin Media Television
M/10/026 - Northern & Shell Broadcasting / CLT	Craoladh teilifíse	20/08/2010	Ceadaithe (céim 1)	CLT-UFA Holdings Limited

- UFA Holdings				
M/10/030 - Alpha Group / Newry Democrat	Earnáil foilsitheoireachta na nuachtán áitiúil	06/09/2010	Ceadaithe (céim 1)	Newry Democrat

Ní dhearna an tAire Fiontar, Trádála, agus Nuálaíochta aon ordú le linn 2010 chun imscrúdú iomlán a dhéanamh faoi alt 22 den Acht Iomaíochta 2002, ná chun cosc a chur ar chumasc sna meáin a chur i bhfeidhm.

Nósanna Imeachta um Chumasc in Éirinn (Acht na hIomaíochta 2002)

Tástáil na gCumasc: An iomaíocht a laghdú go mór

Le cinneadh a dhéanamh cibé acu ar chóir cumasc a cheadú, déantar tástáil ar cibé an ndéanfaí iomaíocht a laghdú go mór sna margaí earraí agus seirbhísí sa Stát mar thoradh ar an gcumasc. Is é seo an tástáil a dhéantar sa Ríocht Aontaithe agus úsáidtear tástáil dá samhail sa Choimisiún Eorpach. De réir na tástála sin, díritear ar an tionchar a bheidh ag an idirbheart ar thomhaltóirí agus ar an iomaíocht agus air sin amháin.

Tairseacha fógraí

Eascaíonn na tairseacha fógraí ó láimhdeachas na ngnóthas lena mbaineann. Ní mór láimhdeachas bliantúil €40 milliún ar fud an domhain ar a laghad a bheith ag gach aon cheann de na gnóthais lena mbaineann. Ní mór don dá ghnóthas gnó a sheoladh ar oileán na hÉireann, agus ní mór do cheann amháin acu, ar a laghad, láimhdeachas €40 milliún a ghiniúint sa Stát. Má bhaintear na tairseacha seo amach, ní mór fógra a dhéanamh ina dtaobh.

Cumasc faoi bhun na dtairseach

D'fhéadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a eascairt as cumasc atá faoi bhun na dtairseach seo freisin, a mbíonn na tomhaltóirí thíos leo. De réir an Achta Iomaíochta, 2002, féadfar fógraí faoi chumasc dá leithéid a thabhairt go saorálach don Údarás Iomaíochta, ar mhaithe le cinnteacht dhlíthiúil. Cuid den chúis leis sin ná go bhfuil na cumasc atá faoi bhun na dtairseach fós faoi réir gníomh forfheidhmiúcháin faoi alt 4 agus 5 den Acht, agus tá imscrúduithe déanta againn ar idirbhearta dá leithéid cheana.

Réamhfógra (roghnach)

Féadfaidh páirtithe in idirbheart dul i dteagmháil linn sula gcuirtear fógra foirmiúil faoin gcumasc faoinár mbráid. Trí chúrsaí a phlé roimh an bhfógra, is féidir cabhrú le páirtithe foirm fógra a ullmhú agus soláthrú sé deis dóibh míniú tosaigh a thabhairt faoi, i measc rudaí eile, ghníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe a thabharfaidh an fógra, faoina gcustaiméirí, faoina n-iomaitheoirí, faoin gcaoi a ndéantar praghsanna a chaibidil agus faoin mbealach chun an mhargaidh.

Réamhimscrúdú (Céim 1)

Is éard atá i gceist le Céim I ná imscrúdú tosaigh míosúil ar an gcumasc. De ghnáth is leor sin chun é a chur i gcrích. Féadfar an tréimhse athbhreithnithe míosa a fhadú, má iarraidimid go foirmiúil ar eolas breise a fháil ó na páirtithe (próiseas ar a dtugtar Riachtanas le hAghaidh Tuilleadh Eolais), nó má chuireann na páirtithe tograí faoinár mbráid ina bhfuil bearta áirithe atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a d'ardaíomar.

Imscrúdú Iomlán (Céim 2)

Féadfaimid imscrúdú iomlán (céim 2) a dhéanamh, murar féidir linn a chinneadh, tar éis dúinn réamh-imscrúdú a dhéanamh, cibé acu an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh an cumasc an iomaíocht a laghdú go mór. Is éard atá i gceist le Céim 2 ná tréimhse bhreise trí mhí ina ndéanaimid imscrúdú mionsonraithe ar an idirbheart agus ar na margadh/na margaí, ina bhfuil na páirtithe ag feidhmiú.

Measúnú

Le linn imscrúdú chéim 2, má tá imní orainn fós faoi cheisteanna iomaíochta, déanfaimid páipéar a sheirbheáil ar na páirtithe ina leagtar amach na hábhair imní sin. Iarrfar ar na páirtithe freagairt do na ceisteanna atá ardaithe sa pháipéar sin.

Achomharc chun na gCúirteanna

Má thoirmeasctar cumasc, is féidir leis na páirtithe achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte taobh istigh de mhí amháin. Féadfaidh an Chúirt cinneadh an Údarás Iomaíochta a chur ar fionraí, é a dheimhniú, nó féadfaidh siad é a dheimhniú faoi réir modhnuithe.

4. AN IOMAÍOCHT Á CUR CHUN CINN IN ÉIRINN

Mar gheall ar na fadhbanna geilleagracha atá againn faoi láthair, tá béim as an nua ar an ról ríthábhachtach is féidir a bheith ag beartas iomaíochta maidir le geilleagar na hÉireann a athbheochan. Chomh maith leis an ról forfheidhmithe dlí atá againn, tá dualgas reachtúil orainn buntáistí na hiomaíochta sa gheilleagar ar fad a chur chun cinn agus comhairle a chur ar lucht déanta beartas faoin gcaoi ar féidir le cur chun feidhme phrionsabail na hiomaíochta córa agus oscailte cabhrú le torthaí beartais níos fearr a bhaint amach.

In 2010, Dhírigh an Roinn Abhcóideachta a gníomhaíochtaí ar chomhairle a chur ar Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí faoi raon ábhar a bhaineann le hiomaíocht. Rud amháin a thugamar faoi deara faoi 2010, ná go raibh iarracht as an nua á déanamh ag an earnáil phoiblí luach níos fearr ar airgead a fháil de réir mar a cuireadh níos mó brú ar a mbuiséid. Tá an Rialtas é féin ar cheann de na tomhaltóirí earraí agus seirbhísí is mó i nGeilleagar na hÉireann agus tá sé den riachtanas dá bhrí sin gur féidir leis earraí agus seirbhísí a cheannach ar phraghsanna réasúnta. Agus beartais á gceapadh acu, tá tuiscint níos fearr ag Ranna Rialtais ar an ngá le féachaint ar an tionchar a bheadh ag na roghanna éagsúla beartais ar an iomaíocht.

I measc na gceisteanna a ndearna an Roinn iniúchadh orthu in 2010, bhí,

- an reachtaíocht a bhaineann le ceadúnú bus a athchóiriú,
- earnáil an leictreachais miondíola a dhírialú,
- costais bhainistíochta dramhaíola, agus
- an gá le córas an Stáit d'fhóirdheonú seirbhísí liachleachtóra ghinearálta a athchóiriú.

Srianta Poiblí le hIomaíocht a Aithint

Is féidir le dlíthe, rialacháin agus cleachtais rialacháin an Stáit iomaíocht a shrianadh agus is minic a dhéanann siad é sin. Ciallaíonn sé sin nach mbaineann tomhaltóirí tairbhe as iomaíocht. Tagraímid dóibh mar shrianta Poiblí le hIomaíocht

Mar thoradh ar na srianta poiblí le hiomaíocht, bíonn ar thomhaltóirí níos mó a íoc as seirbhísí. Cuireann siad sin le costais ionchuir ghnó freisin, a laghdaíonn acmhainn iomaíochta na ngnóthas. Bíonn earnálacha cosanta an gheilleagair fóirdheonaithe ag na hearnálacha atá neamhchosanta ar gheilleagair idirnáisiúnta, rud a fhágann go laghdaítear táirgiúlacht agus fás geilleagrach dá bharr. Dá bhrí sin, tá sé an-tábhachtach srianta poiblí le hiomaíocht a aithint agus a bhaint. Feictear an toradh deiridh céanna mar gheall ar shrianta poiblí agus mar a fheictear ar shrianta príobháideacha – luach níos lú ar airgead, rogha níos lú do thomhaltóirí agus costais níos airde do thomhaltóirí agus do ghnóthais.

Ceadúnú Bus

I Meán Fómhair 2010, chuireamar aighneacht faoi bhráid chomhairliúchán poiblí an Údaráis Náisiúnta Iompair, ar a *Draft Guidelines for the Licensing of*

Public Bus Passenger Services. Bhí imní orainn go mbeadh na Dréacht-Treoiríníte frithiomaíoch, dá gcuirfí i bhfeidhm mar a dréachtaíodh ar dtús iad.

Go sonrach, níor léirigh na Dréacht-Treoiríníte na buntáistí dearfacha a bhaineann le hiomaíocht, agus ba chosúil gur chruthaigh siad constaicí iontrála ró-ard in aghaidh soláthar seirbhísí bus tráchtála. Bhí imní orainn freisin faoin méid a mheastar gur bealaí "Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí" (bealaí neamhthráchtála) iad bealaí Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, rud a fhágann go bhfuil siad díolmhaithe ón gcóras ceadúnaithe. Chuireamar 10 dtogra faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Iompair chun na Dréacht-Treoiríníte a leasú.

Nuair a eisíodh na Treoiríníte deiridh i Nollaig 2010, bhí áthas orainn a thabhairt faoi deara gur léir go raibh ár n-ábhair imní curtha san áireamh acu. Céim thábhachtach atá sna Treoiríníte nua ó thaobh iomaíocht a mhéadú in earnáil na seirbhísí bus tráchtála.

Mar shampla, den chéad uair in Éirinn, is féidir le duine dul san iomaíocht chun an ceadúnas a fháil chun seirbhís bhus *atá ann cheana* a sholáthar agus í a bheith *níos fearr* ná an tseirbhís a sholáthraíonn an soláthraí reatha. Féachfaidh an an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar an iarratas ó thaobh úsáideoirí an chórais iompair phoiblí agus féadfaidh sé an ceadúnas a bhronnadh ar an iarratasóir nua *in ionad* an tsoláthraí reatha. Ciallaíonn sé sin go mbeidh comhdheis ag cuideachtaí seirbhís a sholáthar do phaisinéirí bus tráchtála.

Tá béim á leagan againn ar an ngá le hiomaíocht níos mó i gcás seirbhísí poiblí bus le níos mó na deich mbliana anuas. Roimhe seo, rialaíodh ceadúnais le haghaidh seirbhísí bus faoin Acht Iompair, 1932. Faoi Acht na bliana 1932, tugadh buntáiste iomaíoch an-mhór do Bhus Éireann agus do Bhus Átha Cliath agus cuireadh teorainn le leathnú na n-oibreoirí busanna príobháideacha. Ciallaíonn an tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2010 mar aon leis na Treoiríníte nua go bhfuil an córas rialála á athrú go mór i bhfabhar na hiomaíochta.

Ach, ionas go mbeidh seirbhísí bus lán-iomaíoch in Éirinn, ba cheart go mbeadh comhdheis ag cuideachtaí bus freisin dul in iomaíocht chun na seirbhísí *fóirdheonaithe* (Oibleagáide Seirbhíse Poiblí) a sholáthar a sholáthraíonn Bus Éireann agus Bus Átha Cliath faoi láthair. Tá na seirbhísí fóirdheonaithe seo díolmhaithe ón gcóras ceadúnaithe atá leagtha amach sna Treoiríníte. Leanfaimid orainn ag tacú le córas tairiscintí iomaíochta maidir le fóirdheontais le haghaidh seirbhísí bus, in ionad na monaplachta atá ag Bus Éireann agus Bus Átha Cliath faoi láthair.

Leictreachas

Chuireamar aighneacht faoi bhráid chomhairliúchán an Choimisiún um Rialáil Fuinnimh ar *Roadmap for Deregulation of the Electricity Retail Market* i mí Feabhra 2010. Reáchtáladh an comhairliúchán ag an am ceart. Tá soláthar an leictreachais miondíola oscailte don iomaíocht faoi dheireadh agus Bord Gáis Energy agus Airtricity tagtha isteach sa mhargadh teaghlaigh, margadh a bhíodh faoi smacht ag an BSL go dtí le déanaí.

Leagamar béim ar an ngá le maoirseacht rialála láidir a dhéanamh ar an earnáil leictreachais, toisc gur deacair cothromaíocht a aimsiú idir fhéachaint chuige go mbainfidh tomhaltóirí atá ar an eolas go maith leas as an iomaíocht agus ar an taobh eile féachaint chuige go gcosnófar custaiméirí leochaileacha.

Bíodh is go bhfuair tomhaltóirí rogha níos mó mar gheall ar theacht isteach Bord Gáis Energy agus Airtricity sa mhargadh, mholamar gur chóir don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh staidéir bhreise a dhéanamh ar dhearcadh

tomhaltóirí - le fáil amach an bhfuil constaicí ann a d'fhéadfadh srian a chur le tomhaltóirí athrú chuig soláthraí eile fiú dá mbainfidís leas as an athrú sin.

Ní féidir le hiomaíocht idir sholáthraithe leictreachais éagsúla feidmiú go héifeachtach murar féidir le tomhaltóirí atá go maith ar an eolas

- an tionchar atá ag athruithe praghais ar a mbillí a thuiscint,
- praghsanna a chur i gcomparáid ar bhealach a bhfuil brí leis, agus
- athrú go héasca chuig soláthraí eile.

Go dtí seo, dhírigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, agus an ceart acu, ar fhéachaint chuige go mbeadh gnéithe struchtúrtha ar thaobh an tsoláthair den mhargadh i bhfeidhm ionas go mbeidh cothrom na féinne ag gach soláthraí leictreachais atá san iomaíocht. Is fiú díriú ar an gcaoi sin freisin ar na ceistanna atá ann ar thaobh an éilimh.

Cé go raibh áthas orainn go raibh iomaíocht idir sholáthraithe an leictreachais miondíola tagtha ar an bhfód, leagamar béim ar an ngá le hathchóirithe breise ar an margadh chun na tionscnaimh oscailte margaidh a cuireadh i gcrích cheana a fhorbairt. D'fhéadfaí dálaí iomaíochta a fheabhsú trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- deireadh a chur leis na costais a bhíonn ar chustaiméirí fós mar gheall ar ghéarshíopadóireacht le haghaidh leictreachais,
- deireadh a chur leis an dearcadh go bhféadfaí caighdeán na seirbhíse a chur i mbaol trí athrú ón BSL,
- feasacht a spreagadh ar a éascaí is atá na roghanna ó thaobh athrú a dhéanamh,
- díchuachadh úinéireachta ar an líonra ó ghnó an tsoláthair,
- méadrú cliste a sholáthar de réir a chéile.

Bainistíocht Dramhaíola

Chuireamar aighneacht faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in Eanáir 2010 maidir lena *Dréacht-Ráiteas ar Bheartas Dramhaíola*. Chuireamar in iúl go dtagann beartas iomaíochta le beartais dramhaíola, agus gur féidir le hiomaíocht san earnáil bainistíochta dramhaíola costais bailiúcháin a choinneáil ar leibhéal íseal le haghaidh gnóthas agus teaghlach.

Rinneamar sé mholadh.

- Ba chóir go ndéanfaid an creatphlean náisiúnta atá beartaithe agus an socrú a bheidh á riar go náisiúnta iomaíocht idir sholáthraithe na seirbhíse bainistíochta dramhaíola a dhreasú ag gach leibhéal den ordlathas bainistíochta dramhaíola ionas gur féidir teicneolaíocht nua a thabhairt isteach.
- Ba cheart don chreatphlean náisiúnta buntáistí a a bhaineann le barainneachtaí scála a chothromú go cúramach le buntáistí na hiomaíochta.

- Níor chóir go mbeadh an riarthóir náisiúnta beartaithe ar rialú dramhaíola (seachas é a bheith á riar ag údaráis áitiúla) freagrach ar chor ar bith as praghsanna a shocrú.
- B'fhearr córas solúbtha tobhach a bheith ann de réir cuspóirí beartais phoiblí sonraithe ná dramhaíl a chur chuig saoráidí cóireála áirithe.
- B'fhearr córas tairiscintí iomaíocha a bheith ann más cosúil nach bhfuil an iomaíocht taobh le taobh chun tairbhe do na tomhaltóirí.
- I gcás ina dtugtar córas tairiscintí iomaíocha isteach, ba cheart machnamh a dhéanamh go cúramach ar na ceisteanna praiticiúla a bhaineann leis an tairiscint a cheapadh, ionas gur féidir líon na dtairiscintí inchreidte a uasmhéadú.

Tá iomaíocht atá rialaithe mar is cuí riachtanach san earnáil dramhaíola chun cabhrú le hÉirinn spriocanna comhshaoil a bhaint amach ar chostas iomaíoch.

In **Aguisín D**, tugtar liosta iomlán dár n-aighneachtaí foirmiúla in 2010. Is féidir teacht ar chóipeanna dár n-aighneachtaí ar fad ar ár láithreán Gréasáin (www.tca.ie).

Comhairle faoi Reachtaíocht bheartaithe, faoi Rialúchán agus faoi Cheisteanna Iomaíochta

Faoin Acht Iomaíochta, 2002, tugtar an fheidhm shonrach dúinn comhairle a chur ar an Rialtas, ar Airí agus ar Airí Stáit faoi na himpleachtaí a bhaineann le reachtaíocht bheartaithe ó thaobh na hiomaíochta de. Agus an fheidhm seo á comhlíonadh againn, déanaimid iarracht aird a dhíriú ar cheisteanna iomaíochta agus iarmhairtí diúltacha ar thomhaltóirí a thuar roimh ré.

In 2010, chuireamar comhairle ar go leor Ranna Rialtais agus ar chomhlachtaí earnála poiblí eile ar an gcaoi seo, mar atá léirithe sa tábla thíos. Ba dhíol suntais é in 2010 raon leathan na n-ábhar faoina raibh comhairle á lorg ag Ranna Rialtais agus ag údaráis phoiblí.

Tábla 5: Comhairle a tugadh in 2010

Roinn/Comhlacht Poiblí	Ábhar
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	Threoir an AE i dtaobh dramhaíl a phacáistiú Córas tairiscintí iomaíocha maidir le bailiú dramhaíola Treoirlínte pleanála miondíola Beartais iomaíochta agus beartas comhshaoil
An Roinn Sláinte agus Leanaí	Scéim na Seirbhísí Liachta Ginearálta (GPS) agus Liachleachtóirí Ginearálta Ról an Stáit maidir le háiteanna i dtithe altranais a sholáthar

An Roinn Coimirce Sóisialaí	Scéim na Sochar Teaghlaigh
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	Beartas iomaíochta i gcomhthéacs na straitéise "Food Harvest 2020"
An Rialtóir Airgeadais	Athstruchtúró forleathan na hearnála baincéireachta
An Roinn Airgeadais	Gealltanais a tugadh don Choimisiún Eorpach maidir le hathchóiriú na hearnála baincéireachta chun rialacha an AE ó thaobh cúnamh stáit a chomhlíonadh
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Moltaí an Údaráis Iomaíochta maidir le hoiliúint liachleachtóirí ginearálta agus athchóiriú an chonartha le haghaidh seirbhísí liachta ginearálta
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	Treoirínte maidir le seirbhísí poiblí bus do phaisinéirí a cheadúnú
An Roinn Iompair	Cur i bhfeidhm na moltaí a bhí i dTuarascáil an Údaráis Iomaíochta in 2005 maidir le hárachas neamhshaoil
Grúpa Athbhreithnithe ar Shócmhainní agus ar Dhliteanais Stáit	Iomaíocht agus príobháidiú
Coimisiún an AE agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta	Ról an bheartais iomaíochta maidir le téarnamh geilleagrach a éascú
Forfás	Iomaíocht agus acmhainn iomaíochta
Bord Bia	Dlí na hiomaíochta
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	Na riachtanais íosta oideachais a theastaíonn ó dhuine le bheith ina g(h)níomhaire eastáit, ina c(h)eantálaí, nó ina g(h)níomhaire bainistíochta maoine
An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí	Láithreán Gréasáin ar a ndéantar comparáid idir praghsanna bia

An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta	28 ábhar éagsúil
--	------------------

Is é an bealach is fearr le cinntiú go mbeidh gnólachtaí na hÉireann iomaíoch i gcónaí ar mhargaí an domhain ná iomaíocht a chothú ar fud an gheilleagair intíre. Tá an gá le hacmhainn iomaíochta níos fearr ar cheann de na príomhchúraimí a bhaineann le beartas geilleagrach toisc go mbeidh ár n-earnáil easpórtála ar thús cadhnaíochta maidir le téarnamh geilleagrach níos leithne a bhaint amach.

Anailís a Dhéanamh ar Conas a Oibríonn an Iomaíocht in Earnálacha Áirithe

D'fhoilsíomar 12 staidéar chuimsitheacha ar an margadh ó achtaíodh an tAcht Iomaíochta 2002. In 2010, rinneadh dul chun cinn tábhachtach maidir le moltaí na dtuarascálacha sin a chur i bhfeidhm.

- Ar an gcéad dul síos, cuireadh níos mó moltaí i bhfeidhm (féach sonraí thíos).
- Ar an dara dul síos, i mí Aibreáin, d'fhoilsigh an Rialtas a chéad ráiteas i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lenár moltaí a athbhreithniú.⁹ Chomh maith leis sin d'fhógair an Rialtas go raibh cinneadh déanta aige breathnú ar an gceist sin arís gach sé mhí. I rith 2010, thacaíomar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta maidir lena ról chun comhordú a dhéanamh ar athbhreithniú an Rialtais ar an dul chun cinn a bhí déanta maidir lenár moltaí.
- Ar an tríú dul síos, bhí roinnt moltaí nár cuireadh i bhfeidhm fós le feiceáil sa Mheabhrán Tuisceana a comhaontaíodh idir Rialtas na hÉireann, an AE agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta sa *Programme for Financial Support for Ireland* mar chuid de phacáiste na mbeart beartais sonracha a chaithfear a chur i bhfeidhm. Tá siad sin le feiceáil sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014 chomh maith. Bhí roinnt dár moltaí eile mar chuid den ghealltanas a thug Éire don Choimisiún Eorpach chun pacáiste bearta a chur i bhfeidhm chun tacú leis an iomaíocht a athbheochan in earnáil baincúireachta na hÉireann.

Foilsíodh an chuid dheireanach dár dtuarascáil ar *Competition in Professional Services: General Medical Practitioners*, in Iúil 2010. Ba é sin an staidéar deireanach dár sraith staidéar ar iomaíocht sna gairmeacha. Is é seo a chéad tuarascáil a bhfuil baint aici le gealltanas seo a leanas an Rialtais: "*publish a whole-of-Government response to recommendations contained in reports of the Competition Authority within nine months of their publication*".¹⁰ Ciallaíonn sé sin go bhfuil an Rialtas ceaptha freagairt dár moltaí faoi Mhárta 2011.

Liachleachtóirí Ginearálta (GPanna)

Dhírigh an tuarascáil seo ar oibriú chóras na Seirbhísí Liachta Ginearálta (GMS) trína gcuireann an Stát seirbhís liachleactóra ghinearálta ar fáil saor in aisce d'othair phoiblí. Tá conradh seirbhísí liachta ginearálta an-tábhachtach

⁹ <http://www.deti.ie/press/2010/20100408a.htm>

¹⁰ *Building Ireland's Smart Economy*, 2008, agus Clár Athnuaithe an Rialtais, 2009.

do liachleachtóirí ginearálta agus is beag cleachtas in Éirinn a oibríonn gan ceann. Níl liachleachtóirí ginearálta cáilithe i dteideal conradh den chineál sin a fháil go huathoibríoch.

Chinneamar go raibh an córas chun conarthaí GMS a bhronnadh i bhfabhar na gcleachtas liachleachtóra ghinearálta fadbhunaithe agus gur chosain sé iad ar iomaíocht ó liachleachtóirí ginearálta nuacháilithe. Cuireann sé sin srian le líon na gcleachtas liachleachtóra ghinearálta in Éirinn, laghdaíonn sé rogha na n-othar agus cuireann sé brú níos lú ar chleachtais liachleachtóra ghinearálta dul san iomaíocht i leith praghsanna le haghaidh othar príobháideach.

Chuireamar 5 mholadh faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Chumann Leighis na hÉireann. Is é atá i gceist leis na moltaí sin ná deireadh a chur le cleachtais a chosnaíonn cleachtais liachleachtóra ghinearálta fadbhunaithe ar iomaíocht agus an próiseas trína gcinntear íocaíochtaí le liachleachtóirí ginearálta faoi na Seirbhísí Liachta Ginearálta a athrú.

- Ba cheart go mbeadh gach liachleachtóir ginearálta cáilithe in ann conradh a fháil chun cóireáil a chur ar othair phoiblí, faoi réir critéir oiriúnachta ghinearálta amháin.
- Ba cheart go mbeadh liachleachtóirí ginearálta a bhfuil conradh den chineál sin acu in ann cleachtas a bhunú nó bogadh go dtí pé áit is mian leo.
- Nuair atá cinneadh á dhéanamh chun conradh a bhronnadh i gceantar áirithe, ní mór inmhharthanacht na gcleachtas liachleachtóra ghinearálta atá sa cheantar sin cheana a chur san áireamh.
- Níor chóir go mbeadh an córas chun conarthaí a bhronnadh i bhfabhar iarratasóirí a bhfuil conradh den chineál sin acu cheana.
- Ba cheart don Aire Sláinte agus Leanaí íocaíochtaí le liachleachtóirí ginearálta faoin scéim a chinneadh **go haontaobhach** seachas trí chomhaontú le Cumann Leighis na hÉireann.

Sa chéad dá chuid dár dTuarascáil a foilsíodh in 2009, tugadh léargas ginearálta ar ghairm an liachleachtóra ghinearálta agus aithníodh ceisteanna iomaíochta a bhaineann le cláir oiliúna le haghaidh liachleachtóirí ginearálta agus srianta le fógraíocht.

Mar thoradh ar na moltaí sin, thug an Rialtas gealltanais sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014 go gcuirfí deireadh leis na srianta go léir ar Liachleachtóirí Ginearálta atá oilte mar is iomchuí agus ar mian leo conarthaí le haghaidh seirbhísí liachta ginearálta a bheith acu.

Luadh an gealltanais sin arís agus tugadh tuilleadh sonraí faoi i Meabhrán Tuisceana an AE/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (Nollaig 2010). Tá sé le fáil sa liosta de na gníomhartha atá le cur i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3-2011, ina ndeirtear go gcuirfear deireadh le srianta ar liachleachtóirí ginearálta ar mian leo cóireáil a chur ar othair phoiblí agus le srianta le líon na liachleachtóirí ginearálta a cháilíonn. Chomhlíonfaí an gealltanais sin trí mholtaí 1-4 agus moladh 6 dár dtuarascáil a chur i bhfeidhm.

Liachleachtóirí ginearálta a charú le Comhairle na nDochtúirí Leighis

Go gairid tar éis dúinn cuid III dár dTuarascáil faoi liachleachtóirí ginearálta a fhoilsiú, d'fhreagraíomar comhairliúchán poiblí a reáchtáil Comhairle na nDochtúirí Leighis ar a Dréacht-Rialacha maidir le Clárú. Chuireamar in iúl

nár chóir go gcuirfeadh na rialacha nua ar chlárú atá beartaithe constaicí nach bhfuil gá leo i gcoinne dochtúirí atá cáilithe mar is cuí nó oilte mar is iomchuí agus ar mian leo obair in Éirinn. Tá sé seo an-tábhachtach os rud é go bhfuil easpa dochtúirí i roinnt speisialtachtaí, amhail liachleachtóirí ginearálta.

Tá sé réasúnta a iarraidh ar dhochtúir a oileadh thar lear fianaise a sholáthar go bhfuil a gcáilíochtaí agus a gcuid oiliúna "comhionann" le cáilíochtaí agus le hoiliúint dochtúra a oileadh in Éirinn. Tá sé tábhachtach, áfach, go mbeadh an próiseas chun "comhionannas" a mheas follasach, soiléir, agus neamhchlaonta. Ba cheart go mbeadh iarratasóirí in ann fáil amach go tapa cibé an gcomhlíonann siad na riachtanais is gá agus, mura gcomhlíonann, ba cheart go mbeidís in ann fáil amach cad iad na bearta atá le déanamh acu chun na riachtanais a chomhlíonadh.

Mholamar roinnt beart éagsúil don Chomhairle.

- Socruithe comhlántachta a fhorbairt leis an oiread tíortha is féidir. Mar gheall air seo bheadh an Chomhairle in ann iarratasóirí aonair a phróiseáil chomh tapa agus is féidir.
- Amchlár soiléir a leagan síos don phróiseas seo.
- Féachaint chuige, i gcás inar tharmlig an Chomhairle an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ó thar lear chuig Comhlachtaí Aitheanta, go háirithe speisialtachtaí míochaine, go bhforbróidh na Comhlachtaí sin socruithe comhlántachta le tíortha iomchuí. Ba cheart don Chomhairle amchlár a leagan síos dóibh chun an obair sin a chríochnú.
- Amchlár soiléir a shocrú don phróiseas iarratas agus féachaint chuige go gcomhlíonfaidh na Comhlachtaí Aitheanta na hamlínte atá leatha síos sa phróiseas sin.

D'iarramar ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir atá leagtha síos ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann (ICGP) maidir le measúnú a dhéanamh ar liachleachtóirí ginearálta nach as an AE iad ar mian leo clárú mar Liachleachtóir Speisialtóra, go háirithe an riachtanas go gcomhlíonfaidh gach iarratasóir bliain lánaimseartha nó oiliúint pháirtaimseartha choibhéiseach i gcleachtas ginearálta Éireannach. D'iarramar ar an gComhairle freisin nós imeachta achomharc éifeachtach a sholáthar le haghaidh liachleachtóirí ginearálta nach as an AE iad ar dhiúltaigh an ICGP dá n-iarratais.

Moltaí ó Thuarascálacha Roimhe Seo

Tá an obair agus an dul chun cinn a rinneadh in 2010 i ndáil le gach aon cheann den 11 tuarascáil atá déanta againn roimhe seo leagtha amach thíos. Tá réimsí inar thug an Rialtas gealltanais don AE/don Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta atá cosúil le ceann dár moltaí léirithe freisin. Léiríonn an bhliain idir lúibíní an bhliain inar foilsíodh an Tuarascáil lena mbaineann.

Iompórtáil agus Dáileadh a bhaineann le Miondíol (2009)

Spreag ár dtuarascáil an Rialtas leis an gcostas gnó in Éirinn a laghdú mar aon leis an marcáil suas a íoctar le cógaslanna. Rinneadh an ceann deireanach in 2009 agus is dúshlán fadtréimhseach é an chéad cheann.

An Ghróseaireacht (2008)

Rinneadh seacht moladh inár dTuarascáil Pleanála Miondíola a bhí dírithe ar na *Treoirlínte Pleanála Miondíola* a chur in oiriúint, le hiomaíocht a chur chun cinn ar shlí níos fearr. Ina measc bhí an moladh go leasódh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na *Treoirlínte Pleanála Miondíola* ionas go mbeadh sé de dhualgas ar údarais áitiúla “scrúduithe sláinte” a dhéanamh ar an miondíoltóireacht ina limistéir chun gné iomaíoch a áireamh. Tar éis dúinn dul i gcomhairle leis an Roinn, d’fhorbraíomar modheolaíocht in 2010 a chuireann ar chumas údarais áitiúla tuairim a fháil faoin méid iomaíocht mhiondíola ina limistéir, ionas gur féidir leo na torthaí a áireamh nuair atá siad i mbun pleananna forbartha agus iarratais phleanála a mheas. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Rialtas ar an gcomhairle sin faoi láthair.

Mhol ár dTuarascáil freisin go ndéanfaí na *Treoirlínte Pleanála Miondíola* a leasú ionas go n-aithneoidís go mbaineann tomhaltóirí tairbhe as iomaíocht ó lárionaid mhiondíola nua. In 2010, thugamar comhairle bhreise don Roinn faoin gcaoi a bhféadfaí an moladh sin a chur i bhfeidhm, agus tá an méid sin á athbhreithniú ag an Roinn air seo faoi láthair freisin.

In 2010, chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tús le hathbhreithniú spriocdhírthe ar na *Treoirlínte Pleanála Miondíola*. D’fhógair an t-uasal Ciarán Cuffe, an tAire Stáit a bhfuil freagracht ar leith aige i leith pleanála agus oidhreachta go mbeadh an prionsabal seo a leanas i measc na bprionsabal a ndéanfaí an t-athbhreithniú dá réir:

“Ba cheart iomaíocht a théann chun tairbhe don tomhaltóir a chothú agus a fheabhsú”

D’ullmhaigh agus d’fhoilsigh an Roinn Páipéar Saincheistanna le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. Chuireamar aighneacht faoi bhráid an chomhairliúcháin sin i mí Iúil, inar leagadh béim ar mholtaí na Tuarascála Pleanála Miondíola, agus go háirithe ar an ngá leis na Treoirlínte a athdhíriú chun freastal ar shlí níos fearr do cheistanna iomaíochta agus tomhaltóirí.

Cuireann clár tacaíochta airgeadais an AE/ an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta an Rialtas faoi ghealltanais staidéar a dhéanamh ar an tionchar a d’imreofaí ar an ngeilleagar dá bhfaighfí réidh leis an teorainn le méid na n-áitreabh miondíola faoin tríú ráithe de 2011.

Tréidlianna (2008)

Dheimhnigh Comhairle Tréidlianna na hÉireann dúinn go raibh siad tar éis deireadh a chur leis an toirmeasc ar phraghsanna a fhógairt agus an toirmeasc ar ghnó a shireadh ag tréidlianna, ar aon dul leis an dá mholadh a bhí dírithe ar an gComhairle inár dtuarascáil sa bhliain 2008. Ní dheachaigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia i ngleic fós le ceann ar bith de na trí mholadh a bhí dírithe uirthi inár dTuarascáil.

Fiaclóirí (2007)

Tá trí mholadh shuntasacha curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Fiaclóireachta roimhe seo.

- teicneoir fiaclóra chliniciúil, ar gairm nua é, a thabhairt isteach,
- dul i bpáirt le soláthraithe oiliúna chun cúrsaí a bhunú i dteicneolaíocht fiaclóra chliniciúil, agus
- saoirse a thabhairt d’fhiaclóirí a gcuid praghsanna agus seirbhísí a fhógairt.

In 2010, chuir an Chomhairle Fiaclóireachta in iúl go mb'fhéidir go dtarraingeodh sí siar a toirmeasc ar lascaí a thabhairt ag fiacloirí in 2011. Chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí in iúl go dtabharfar aghaidh ar na moltaí eile inár dTuarascáil i gcomhthéacs Beartas Náisiúnta Sláinte Bhéil nua agus reachtaíochta nua.

Árachas Sláinte Príobháideach (2007)

Sa Tuarascáil seo, mholamar gur chóir Vhi Healthcare a rialú faoi na téarmaí céanna agus a rialaítear na cuideachtaí atá in iomaíocht leis, ar an gcoinníoll go sásófaí riachtanais chaipitil. I mí Bealtaine 2010, d'fhógair an Rialtas go n-infheisteadh sé suas le €300 in Vhi Healthcare agus go gcuirfeadh sé an cuideachta ar an margadh.

Moladh inár dTuarascáil freisin gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar Chóras na Sochar Íosta. In Iúil 2010, Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí ar Shochair Íosta i Margadh Árachas Sláinte Príobháideach na hÉireann.

Tá na moltaí ar fad eile sa Tuarascáil seo curtha i bhfeidhm, seachas ceann amháin. Tá polasaithe árachais taistil fós á gcur ar ceal ag Vhi Healthcare i gcás custaiméirí a athraíonn ó Vhi Healthcare chuig soláthraí árachas sláinte eile.

Dlíodóirí & Abhcóidí (2006)

Ag tús na bliana 2010, bhí 11 ceann den 29 moladh a rinneamar in ár dTuarascáil curtha i bhfeidhm. Tá na moltaí go léir a dhíríomar ar Dhlí-Chumann na hÉireann curtha i bhfeidhm nó curtha chun cinn. Cé gur cuireadh cuid mhór de na moltaí a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Barra na hÉireann i bhfeidhm, níl ár bpríomh-mholtaí curtha i bhfeidhm ag an gComhairle go fóill, is é sin go soláthrófaí rochtain dhíreach ar abhcóidí chun comhairle dlí a fháil agus go dtabharfaí cead dóibh obair i ngrúpaí. Ní chuir an tAire Dlí agus Cirt and Athchóirithe Dlí ach ceann amháin den 12 mholadh a chuireamar faoi bhráid a Roinne i bhfeidhm.

Ach, in 2011, cuirfeadh an moladh is tábhachtaí sa tuarascáil i bhfeidhm - is é sin go mbeadh an ghairm dlí faoi réir maoirsiú neamhspleách rialála in ionad an chórais reatha, ar córas féinrialacháin é den chuid is mó.

In 2010, thug an Rialtas gealltanais, i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta d'Éirinn, go mbunófaí rialtóir airgeadais neamhspleách agus go gcuirfí i bhfeidhm moltaí an Údarais nár cuireadh i bhfeidhm fós chun costais dlí a laghdú faoi dheireadh an tríú ráithe de 2011. Thug an Rialtas gealltanais freisin go méadófaí an leas a bhaintear as an gcóras tairiscintí chun seirbhísí dlí a sholáthar, mar chuid den *Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014*.

Optaiméadraithe (2006)

In 2010, chuir Bord na Radharcmeastóirí athruithe ar na rialacha faoina rialaítear iompar gairmiúil optaiméadraithe cláraithe. Chealaigh na rialacha nua srianta ar stocaireacht agus fógraíocht chomparáideach i gcás optaiméadraithe. Ciallaíonn an t-athrú sin go bhfuil níos mó saoirse ag optaiméadraithe dul san iomaíocht agus a ngnóthais a chur chun cinn. I nDeireadh Fómhair 2008, d'fhógair an Rialtas go ndéanfaí Bord na Radharcmeastóirí a chomhchuibhsíú sa Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Ní raibh sé sin tarlaithe faoi dheireadh 2010. Ach, nuair a tharlóidh sé, ba cheart go gcuirfí na moltaí eile a thugamar i bhfeidhm

mar thoradh air. Ina measc, tá, comhdhéanamh Bhord na Radharcmhéastóirí a athrú ionas go ndéanfaidh sé ionadaíocht do níos mó páirtithe leasmhara.

An Bhaincéireacht (2005)

In 2010, chomhaontaigh Rialtas na hÉireann ar phacáiste gealltanais earnála don Choimisiún Eorpach maidir leis an earnáil baincéireachta tar éis don Choimisiúin a cheadú go dtabharfaí cúnamh stáit do bhainc Éireannacha. Cuimsíonn an pacáiste sin gealltanais chun roinnt moltaí atá inár dTuarascáil ar iomaíocht i mbaincéireacht neamh-infheistíochta a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag na bearta sin soghluaisteacht custaiméirí agus cosaint tomhaltóirí a fheabhsú.

Mar chuid de na gealltanais sin, chuir an Banc Ceannais cóid mhalartaithe dheonacha Chumann Baincéireachta na hÉireann ar bhonn reachtúil agus tá sé i gceist aige roinnt riachtanas ar son na hiomaíochta a áireamh sa Chód um Chosaint Tomhaltóirí leasaithe. Áirítear orthu sin ár moltaí gur chóir do shealbhóirí cuntais reatha a bheith in ann teacht ar stair a gcuntais reatha (ag dul siar 12 mhí i gcás custaiméirí pearsanta agus 36 mí i gcás custaiméirí atá ina ngnóthais bheaga) saor in aisce gach bliain. Chuir an Rialtóir Airgeadais tús le comhairliúchán poiblí ar a leasuithe beartaithe ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí ag deireadh na bliana 2010.

Ailtirí (2005)

Anois agus an Clár Ailtirí nua, reachtúil i bhfeidhm, tá an chuid is mó de na 13 mholadh inár dTuarascáil curtha i bhfeidhm, nó táthar á gcur i bhfeidhm. In 2010, leasaigh Dlí-Chumann na hÉireann a threoirlínte maidir le haturnaetha (ó thaobh tuairimí faoi rialacháin foirgníochta a chomhlíonadh) le léiriú go bhfuil clár reachtúil nua ann.

Árachas Neamhshaoil (2005)

Thug an Rialtóir Airgeadais aghaidh ar na moltaí go léir inár dtuarascáil a raibh an chumhacht aige aghaidh a thabhairt orthu. Níor chuir an Rialtóir roinnt moltaí i bhfeidhm de bhrí gur tharla eachtraí eile, nach raibh gá ag baint leo a thuilleadh dá mbarr. Tá cinn eile le feiceáil sa Chód um Chosaint Tomhaltóirí leasaithe a bhfuil comhairliúchán poiblí á reáchtáil air faoi láthair. Tá an Roinn Iompair ag scrúdú na moltaí a dhíríomar uirthi sa Tuarascáil agus leanfaimid orainn ag tacú le cur i bhfeidhm na moltaí sin in 2011.

Innealtóirí (2003)

Ceann amháin de na moltaí a tugadh sa tuarascáil seo ná nár chóir gairm na hinnealtóireachta a rialú breise gan Measúnú ar Thionchar Rialála a dhéanamh. In 2010, chuir Engineers Ireland tograí foirmiúla faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag iarraidh go ndéanfaí gairm na hinnealtóireachta a rialú tuilleadh. Mhaígh Engineers Ireland gur chóir gach tionscadal innealtóireachta a bhfuil gné aonair nó sábháilteachta nó sláinte poiblí i gceist leis nó atá an-chostasach nó an-luachmhar, a bheith údaraithe ag Innealtóir Cairte.

Rinneamar athbhreithniú ar na moltaí seo agus chinneamar, bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh i láthair ina dtogra, nach raibh cás bailí déanta ag Engineers Ireland chun an ghairm a rialú tuilleadh. Dá gcuirfí srian breise leis na daoine ar féidir leo seirbhísí innealtóireachta áirithe a sholáthar, laghdófaí iomaíocht sna seirbhísí innealtóireachta, rud a chuirfeadh faoi deara go mbeadh costais bhreise ar na seirbhísí sin, gan aon tairbhe shoiléir a bheith ann.

Feasacht a Spreagadh

Tá sé ar cheann dár bpríomhchuspóirí feasacht a spreagadh ar ról an Údaráis Iomaíochta agus ar bhuntáistí na hiomaíochta. Chuige sin, tá ról straitéiseach ríthábhachtach ag an gcumarsáid don Údarás, agus tá sí ar fheidhmeanna na Roinne Straitéise. Tá sé de rún againn dliteanas a chinntiú tríd an meas atá ag ár bpríomhghrúpaí leasmhara orainn, is iad sin tomhaltóirí, gnóthais agus lucht déanta beartas. Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí ról na hiomaíochta mar chuid den réiteach ar an ngéarchéim gheilleagrach. Tá cumarsáid éifeachtach ríthábhachtach dá bhrí sin chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Oideachas agus For-Rochtain

In 2010, chuireamar tús le clár oideachais agus for-rochtana nua dírithe ar an earnáil gnó. Is é a bhí i gceist leis ná cor poist a chur chuig na Comhlachais Tráchtála ar fad, na Boird Fiontar Contae agus Cathrach, Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann chun cóipeanna dár leabhráin eolais a thabhairt dóibh agus seimineáir a thairiscint dá gcomhaltaí ar dhlí na hiomaíochta, ar bheartas agus ar chomhlíonadh. Chuamar i dteagmháil le roinnt mhaith comhlachais trádála ar an tslí sin freisin.

Bhí na heagraíochtaí sin an-tógtha leis an bhfeachtas. Leanfaimid orainn ag forbairt na hoibre sin in 2010 trí na seimineáir a sholáthar agus trí dhíriú ar an earnáil phoiblí agus ar institiúidí oideachais tríú leibhéal a bhfuil cláir dá samhail acu.

Cur i láthair faoi Chamastaí Tairiscintí

Spreag an tÚdarás feasacht ar ghníomhaíochtaí cairtéal a d'fhéadfadh a bheith ann trí chlár a bhí dírithe ar oifigigh soláthair ó chomhlachtaí poiblí. Is é atá i gceist leis an tionscnamh ná go dtugann baill foirne cur i láthair do chomhlachtaí poiblí a bhfuil baint acu le soláthar. Díríonn an clár aird ar na comharthaí foláirimh i dtaobh iompar cairtéil a d'fhéadfadh a bheith ann idir thairgeoirí ar chonarthaí phoiblí. Tugann sé treoir freisin maidir le cad iad na nithe ar chóir a bheith ag faire amach dóibh agus cad ba chóir d'oifigigh a dhéanamh má tá tuairim acu go bhfuil córas tairiscintí frith-iomaíochta ann.

Mar chuid den chlár seo, thugamar roinnt cur i láthair do Ranna Rialtais ar leith agus d'oifigigh go lárnach trí Ionad Oiliúna agus Forbartha na Státseirbhíse. Thugamar cur i láthair freisin do Public Affairs Ireland agus do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann. Anuas air sin tá ionadaí an Údaráis ar Choiste Conarthaí Foirgníochta an Rialtais, a bhfuil an Roinn Airgeadais ina Cathaoirleacht air.

Sraith Seimineár na hInstitiúide um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha

Caitheadh go leor dua in 2010 le sraith nua seimineár a chur ar bun a bheimid á reáchtáil i gcomhar leis an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha. Is é a bheidh mar theideal ar an tsraith ná *"The Competition Enforcers"* agus beidh roinnt daoine mór le rá ag teacht go hÉirinn chun ceisteanna iomaíochta a phlé. Cuirfear tús leis an tsraith in 2011, agus glacfaidh an Dr. Alexander Italianer, Ard-Siúrthóir, an Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta, an Coimisiún Eorpach, páirt sa seimineár tionscnaimh.

Coistí an Oireachtais

Tháinig an Cathaoirleach, an tUasal Declan Purcell os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí chun plé a dhéanamh ar na torthaí i dtuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoin ardleibhéal táillí dlí a íoctar ó airgead an phobail leis na foirne dlí atá páirteach sna binsí fiosrúcháin éagsúla.

Chuir an tUasal Purcell in iúl don Choiste nárbh fhéidir na táillí arda dlí a íoctar le dlíodóirí ag na binsí a sheachaint mar thoradh ar ár gcóras rialaithe as dáta a chuireann srian fós ar iomaíocht idir dhlíodóirí. Moladh inár dtuarascáil ar Iomaíocht sa Ghairm Dlí in 2006 Coimisiún Seirbhísí Dlí neamhspleách a bhunú ar a mbeadh freagracht fhoriomlán as an ngairm dlí a rialú. D'fhéadfadh an Cumann Dlí agus Comhairle an Bharra leanúint orthu ról a bheith acu i rialú na gairme dlí ó lá go lá ach ní bheadh ról ionadaíochta ag na comhlachtaí sin freisin mar atá anois.¹¹

Cumarsáid Inmheánach

ghlacamar roinnt tionscnamh le linn 2010 chun ár gcur chuige i leith cumarsáide a fheabhsú agus a chur ar bhonn foirmiúil. Ba é an cuspóir ná feasacht a spreagadh i measc na mball foirne ar bheartais agus nósanna imeachta a bhaineann le cumarsáid, chomh maith le hoiliúint agus forbairt bhreise foirne. I measc na mbeart bhí Beartas Cumarsáide a fhorbairt do bhaill foirne, oiliúint ar Ghnáth-Bhéarla, oiliúint ar na meáin agus forbairt doiciméid tacaíochta.

Gnáth-Bhéarla

Is é atá i nGnáth-Bhéarla (Plain English) ná tionscnamh atá á chur chun cinn ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh. Tá sé d'aidhm aige eolas a bheith níos soiléire agus níos sothuigthe. Is stíl é chun eolas a chur i láthair a chabhraíonn leis an duine é a thuiscint an chéad uair a léann siad nó a chloiseann siad é.

In 2010, thugamar fúinn prionsabail an Ghnáth-Bhéarla a ghlacadh i ngach cumarsáid, más cuí, agus fuair an fhoireann ar fad oiliúint ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh. Tá súil againn go mbeidh an comhfhreagras go léir a chuireann an tÚdarás amach níos sothuigthe agus go gcabhróidh sé sin lenár dteachtaireachtaí a chur in iúl dár spriocphobal go héifeachtach.

Taighde ar Chlúdach na Meán

I mí Lúnasa 2010, rinneamar taighde ar thuirisciú fúinn sna meáin chlóite. Clúdaíodh an tréimhse ó Lúnasa 2009 go dtí Iúil 2010 agus ba é seo an chéad uair dúinn taighde den chineál sin a dhéanamh. Rinneadh idir thaighde cáilíochtúil agus chainníochtúil. Thug an taighde sin léargas suimiúil dúinn ar na tuairiscí a bhí na meáin chlóite faoin Údarás sa tréimhse sin.

Léirigh sé go bhfuil toradh sásúil ar infheistíocht á fháil againn i dtéarmaí caidrimh phoiblí. Má úsáidtear luachanna fógraíochta mar mhodh chun tuairisciú caidrimh phoiblí sna meáin chlóite a mheas, tá luach an-mhaith ar airgead á fháil againn. Anuas air sin, tá an chuid is mó den mhéid a thuiriscítear fúinn neodrach nó an-dearfach, agus is beag cáineadh a dhéantar orainn sna meáin.

¹¹ Ar an 31 Eanáir, 2011, d'fhoilsigh an Coiste um Chuntais Phoiblí tuarascáil dar teideal *An tríú tuarascáil eatramhach ar chomhlachtaí poiblí d'fháil seirbhísí dlí* inar thacaigh an Coiste go hiomlán lenár moltaí.

Ach, cuireadh in iúl, freisin, go bhfuil roinnt bearnaí ann ó thaobh na ndaoine a fhaigheann ár dteachtairacht, agus beidh sé sin mar threoir do roinnt de na straitéisí do na meáin á bheidh á gcur i bhfeidhm againn in 2011.

Óráidí, cur i láthair, seimineáir agus ailt

Chomh maith leis sin, bímid ag plé le comhlachtaí eile, le hinstitiúidí oideachais, leis an earnáil chorparáideach agus leis na meáin ó thaobh na n-iarrachtaí leanúnacha a bhíonn á ndéanamh againn teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara, feasacht a spreagadh ar ról an Údaráis agus ar bhuntáistí na hiomaíochta trí chéile agus ó thaobh ceisteanna ar leith. Is minic a bhíonn óráidí poiblí á dtabhairt, cur i láthair á ndéanamh, ailt á scríobh, agus agallaimh á dtabhairt ag baill foirne faoi raon leathan ábhar. Tá liosta de na gníomhaíochtaí sin le fáil in ***Aguisín E***.

5. OB AIR IDIRNÁISIÚNTA

Leanamar orainn oibleagáidí an AE a chomhlíonadh agus páirt ghníomhach a ghlacadh in eagraíochtaí idirnáisiúnta in 2010. Is ónár ról forfheidhmithe i ndlí na hiomaíochta san Eoraip (.i. forálacha iomaíochta an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) a eascraíonn ár ról idirnáisiúnta go príomha, i dteannta an Choimisiúin Eorpaigh agus na n-údarás náisiúnta iomaíochta i mBallstáit eile.

Chomh maith leis sin, is ionadaí na hÉireann é an tÚdarás ag cruinnithe an Choiste Iomaíochta de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Glacann siad páirt i bhfóirí eile idirnáisiúnta le dea-chleachtas sa ghníomhaireacht a chur chun cinn agus le teacht ar an eolas is déanaí faoi cheisteanna iomaíochta uilíocha.

An Coimisiún Eorpach

Is ionadaí na hÉireann é an tÚdarás Iomaíochta ag comhairliúcháin an Choimisiúin Eorpaigh a bhaineann le cásanna forfheidhmithe iomaíochta, agus le tionscnaimh bunaithe ar dhlí na hiomaíochta agus ar bheartas iomaíochta. Sula ndéantar cinneadh faoi mhí-úsáid ceannasachta nó faoi chumasc beartaithe, mar shampla, bíonn ar an gCoimisiún Éisteacht ó Bhéal a réachtáil inar féidir le cosantóirí nó páirtithe atá i mbun cumaisc a dtuairim a chur in iúl. D'fhéadfaí dul i muinín Coiste Comhairleach mar thoradh air sin inar féidir le gach Ballstát a dtuairimí a chur in iúl.

Chomh maith leis sin, téann an Coimisiún i gcomhairle le Ballstáit faoi chleachtais forfheidhmithe bheartaithe, faoi threoir, faoi bheartais agus faoi reachtaíocht a bhaineann le beartas agus dlí iomaíochta an Chomhphobail. Déanaimid an ról seo a chomhlíonadh trí fhreastal ar chruinnithe cinnteoireachta agus ar chruinnithe eile freisin. Sa bhreis air sin, cuirimid le hanailísí beartas agus cásanna ó bhéal agus i scríbhinn. Ní fhreastalaímid ar na cruinnithe go léir ach dírimid ár gcuid acmhainní ar na cásanna a mbíonn éifeacht acu (nó a d'fhéadfadh éifeacht a bheith acu) ar thomhaltóirí Éireannacha agus ar na cruinnithe ardleibhéil a chuireann feidhmiú seasmhach agus éifeachtúil dhlí na hEorpa chun cinn.

In 2010, d'fhreastalaíomar ar Éisteacht ó Bhéal amháin (ar chumaisc) agus ar sé Choiste Chomhairleacha. Maidir le cleachtais srianta agus ceannasacht, ghlacamar páirt i gcruinnithe an Choiste Chomhairligh ina ndearnadh athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- ná córais reatha chun comhaontuithe comhoibrithe chothrománacha a mheas,
- na rialachán blocdhíolúine i leith mótarfheithiclí,
- na rialachán agus treoirlínte blocdhíolúine i leith comhaontuithe ingearacha, agus
- na rialachán blocdhíolúine i leith árachais,

Cásanna Athbhreithnithe an AE ar Chumasc

In 2010, d'fhéach Roinn na gCumasac ar an dul chun cinn maidir le dhá chás athbhreithnithe ar chumasc a bhí ar bun ag an AE agus ghlac siad páirt in éisteachtaí an dá chás ag an gCoiste Comhairleach. Ba iad sin ná:

- *Oracle/Sun Microsystems – Cás Uimh. COMP/M.5529, agus*
- *Unilever/Sara Lee Body Care – Cás Uimh. COMP/M.5658*

Meitheal Cumasc an AE

In Eanáir 2010, bhunaigh údaráis náisiúnta iomaíochta an AE meitheal chun taithí a roinnt agus comhoibriú agus cóineasú breise a chothú idir ghníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le rialú cumasc san AE. Is é an Coimisiún Eorpach cathaoirleach na meithle, agus roghnaítear beirt leaschathaoirleach ó na comhaltaí. Tháinig an grúpa le chéile trí huair in 2010 agus tá sé i gceist aige teacht le chéile trí huair arís in 2011.

Is iad an tÚdarás Iomaíochta agus Bundeskartellamt na Gearmáine an chéad dá leaschathaoirleach ar an ngrúpa nua. Iarradh ar an dá eagraíocht leanúint den ról seo don dara bliain as a chéile, toisc go bhfuil maoirseacht á déanamh acu faoi láthair ar dhréachtú na ndea-chleachtas ar chomhoibriú maidir le cumasc a athbhreithniú.

An Líonra Eorpach um Iomaíocht

Tá sé riachtanach d'údaráis náisiúnta iomaíochta de chuid na mBallstát bheith ina gcomhaltaí den Líonra Eorpach um Iomaíochta (ECN). Bunaíodh sa bhliain 2004 é le comhar a éascú agus rialacha iomaíochta an Chomhphobail á gcur i bhfeidhm ar shlí sheasmhach. Déantar é sin trí shocruithe roinnte faisnéise, trí shocruithe cúnaimh agus trí shocruithe comhairliúcháin.

Is é aidhm an ECN creat éifeachtúil dlíthiúil a fhorbairt chun agóid a dhéanamh in aghaidh na gcuideachtaí a bhíonn páirteach i gcleachtais trasteorann a chuireann srian le hiomaíocht agus a théann chun dochair do thomhaltóirí.

In 2010, d'fhreastalaíomar ar dhá chineál cruinnithe ginearálta ardleibhéal; cruinnithe na nArd-Stiúrthóirí agus cruinnithe Iomlánacha ECN. Ghlacamar páirt freisin i gcúig Mheitheal agus i sé Fhoghrúpa Earnála.

D'fhreastalaíomar ar chruinnithe na Meithleacha a bhíonn ag plé leis an méid seo a leanas:

- Comhoibriú idir Údaráis Iomaíochta,
- Díolúintí i leith Srianta Ingearacha,
- Srianta Cothrománacha,
- Cairtéil, agus
- Príomh-Eacnamaithe

I measc na bhfoghrupaí Earnála ar fhreastalaíomar orthu, bhí, na cinn ar an mBaincéireacht, ar Sheirbhísí Airgeadais, ar an gComhshaol, ar Fhuinneamh, ar Bhia agus ar Mhótarfheithiclí.

Bhíomar rannpháirteach freisin i dtionscadail leanúnacha lena n-áirítear cláir trócaire na mBallstát a chóineasú agus an caidreamh idir nósanna imeachta imscrúdaithe coiriúla agus riaracháin.

Tá baint mhór ag an tionscadal chun cláir thrócaire ar fud an AE a chóineasú linn, os rud é go bhfuil ár gclár díolúine féin á leasú faoi láthair. Toradh amháin a bheidh ar an leasú sin ná go gcuirfear ár gclár ar chomhréim le cláir an Choimisiúin agus na mBallstát eile. Cabhróidh sé sin, ar a uain, le hiarratais ar thrócaire ar fud an AE a éascú, agus ar an gcaoi sin beifear in ann níos mó cairtéal a aimsiú agus a ionchúiseamh san Eoraip.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

Tá Éire ina comhalta den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). Tríd an eagraíocht seo is féidir leis an 30 rialtas, atá ina gcomhaltaí den OECD, ceisteanna eacnamaíochta, sóisialta agus beartas rialachais a phlé. Chomh maith leis sin, tá an OECD ina foinse neamhspleách i gcomhair taighde agus anailís beartas. Go bunúsach, is éard atá san OECD ná Coistí a dhíríonn a gcuid oibre ar réimse leathan ceisteanna beartas. Is é an Coiste Iomaíochta atá freagrach as beartas iomaíochta.

Is é príomhaidhm an Choiste ná an iomaíocht a chosaint agus a chur chun cinn mar phrionsabal eagraithe na ngeilleagar nua-aimseartha, bunaithe ar an eolas go gcuireann iomaíocht bhríomhar margaidh le fás agus le fostaíocht, agus go mbíonn geilleagair níos solúbtha agus níos nuálaí dá barr. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste athchóiriú chun cinn trí bheith ag spreagadh agus ag cabhrú le cinnteoirí an Rialtais dul i ngleic le cleachtais agus le rialacháin fhrithiomaíocha.

Freastalaíonn ionadaithe an Údaráis ar chruinnithe an Choiste Iomaíochta, agus ar dhá mheitheal ghaolmhara, trí huair in aghaidh na bliana: *Meitheal 2 um Iomaíocht agus Rialachán agus Meitheal 3 um Chomhar agus um Fhorfheidhmiú*. Mar chuid de na cruinnithe seo, déantar príomhcheisteanna beartas a phlé ar bhonn comhchéime go minic agus tugtar cuireadh do thíortha atá ina gcomhaltaí den choiste aighneachtaí a chur faoi bhráid an choiste roimh ré. In 2010, rinneamar trí aighneacht ar na nithe seo a leanas:

- Claonpháirteachas agus Caimiléireacht maidir le Soláthar Poiblí,
- Iomaíocht, Comhchruinniú agus Cobhsaíocht san Earnáil Baincéireachta, agus
- Leagan Síos Caighdeán.

Tá na haighneachtaí sin ar fáil ar ár láithreán Gréasáin ag www.tca.ie.

An Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina chomhalta den Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht (ICN). Líonra fíorúil atá san ICN, is é sin le rá, níl aon Rúnaíocht ná foinsí maoinithe buana aige. Soláthraíonn sé fóram speisialaithe ach neamhfhoirmiúil ag an am céanna d'údaráis iomaíochta le tacú le forbairt dea-

chleachtas maidir le dlí agus beartas iomaíochta, agus le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna praiticiúla iomaíochta. Táimid gníomhach i gcúig mheitheal de chuid an ICN: Cumaisc, Abhcóideacht, Iompar Aontaobhach, Éifeachtacht Gníomhaireachtaí agus Cairtéil.

I dteannta na Roinne in aghaidh Trustaí i Roinn Dlí agus Cirt SAM (US DOJ), tá Roinn na gCumasc ina comhchathaoirleach ar an Meitheal Cumasc. In 2009 - 2010, d'fhoilsigh an Meitheal dhá dhoiciméad ar chleachtas molta maidir le hanailís ar chumaisc. Bhí Roinn na gCumasc i gceannas ar dhréachtú an doiciméid "*Failing Firm/Exiting Assets*" agus bhí an Roinn in aghaidh Trustaí i Roinn Dlí agus Cirt SAM i gceannas ar "*Market Definition*". Cuireadh na doiciméid seo ar chleachtas molta leis an ualach oibre atá déanta ag an Meitheal.

Is féidir iad a fháil ag: <http://www.internationalcompetitionnetwork.org/>

Lean an Meitheal Abhcóideachta lena cuid oibre ar Lámhleabhar an ICN do Staidéar ar an Margadh in 2010; chabhraíomar le triail a bhaint as an dréacht deiridh. Foilseofar an leagan deiridh den lámhleabhar in 2011.

Is comhalta gníomhach den Meitheal Cairtéil é Roinn na gCairtéil. Bhí an Roinn freagrach go comhpháirteach as dréachtú agus foilsiú Chaibidil 4 ("Case Initiation") de "Anti-Cartel Enforcement Manual" an ICN agus chabhraigh siad gó mór le Caibidil 3 a dhréachtú (Digital Evidence Gathering). Chomh maith leis sin, sholáthair an Roinn cainteoirí do phainéil phlé ag Comhdháil Bhliantúil an ICN in Aibreán 2010 agus ag Ceardlann Bhliantúil an ICN faoi chairtéil i nDeireadh Fómhair 2010.

In 2010, dhréachtaigh an Meitheal um Éifeachtacht Gníomhaireachtaí an chéad dá chaibidil de Lámhleabhar ar Éifeachtacht Gníomhaireachtaí. Bhí Roinn Straitéise an Údaráis rannpháirteach trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad chaibidil den lámhleabhar ar "*Strategic Planning and Prioritisation*" agus chabhraigh siad le faisnéis a aimsiú don dara caibidil ar "*Effective Project Delivery*". Tá baint ag an Roinn freisin le tionscnamh speisialta faoi stiúir Údarás Iomaíochta na hÍsiltíre (NMa) ar iomaíocht agus leas tomhaltóirí. Táthar ag súil go dtabharfar an tionscadal sin chun críche faoi thús an tsamhraidh in 2011.

Leanamar orainn lenár gcuid oibre leis an Meitheal um Iompar Aontaobhach. Scríobh an Meitheal tuarascáil faoi dhiúltú soláthair agus chuir sí i láthair í ag Comhdháil Bhliantúil an ICN in 2010. Reáchtáil an Meitheal ceardlann dhá lá sa Bhruiséil ar lacáiste dílseachta agus cúngach corrlaigh, chomh maith le roinnt teilisheimineár ar réitigh agus forfheidhmiú in aghaidh trustaí san earnáil cógaisíochta. Tá leabhar saothair á dhréachtú ag an Meitheal faoi láthair ar mhaithe le cabhrú le lucht láimhseála cásanna déileáil le cásanna a bhaineann le mí-úsáid ceannasachta agus leanfar den obair sin in 2011.

Comhoibriú Idirnáisiúnta

Mar chuid dár ngníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta agus forbartha acmhainne, chuireamar fáilte roimh an Uasal Nirmal Mehrotra a bhí ar iasacht ó Choimisiún Iomaíochta na hIndia. Bhí an tUasal Mehrotra ina chomhalta de Roinn na gCumasc i Lúnasa 2010 ar feadh dhá mhí.

6. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Maoiniú

Déantar an tÚdarás Iomaíochta a mhaoiniú ó dheontas bliantúil a fhaightear ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. In 2010, €4.7m a bhí sa deontas. Tá ár gcuntais faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ní cheaptar go mbeidh an t-iniúchadh, atá á dhéanamh ar chuntais 2010, críochnaithe go dara ráithe na bliana 2011. Mar thoradh air sin, ní féidir linn cuntais iniúchta an Údaráis a fhoilsiú inár dTuarascáil Bhliantúil, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, toisc go bhfuil dualgas orainn faoin Acht Iomaíochta an tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú dhá mhí ar a laghad roimh dheireadh gach bliana.

Agus seo á scríobh, áfach, is é €3.9m an méid caiteachais do 2010, ar é an réamhthoradh neamhiniúchta é. Laghdaíodh caiteachas, gan amhras, mar gheall ar an laghdú ar líon na mball foirne atá ag obair san Údarás Iomaíochta. Ba é ba chúis leis an laghdú ar líon foirne ná moratorium an Rialtais ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí nó an mhoill ar roinnt folúntas ar leibhéal na gComhaltachtaí a líonadh.

Luaitear sa Chód Chleachtais chomh maith gur chóir do na Comhlachtaí Stát sonraí tuarastail an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin a fhoilsiú, ar mhaithe le trédhearcacht agus le dea-rialachas. D'fhonn an riachtanas seo a chomhlíonadh, féachann an tÚdarás Iomaíochta ar an gCathaoirleach mar a Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin. Mar a luadh áit eile sa tuarascáil seo, d'éirigh Iar-Chathaoirleach an Údaráis Iomaíochta as a phost i Márta 2010 agus níor cheap an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta an tUasal Declan Purcell chun gníomhú mar Chathaoirleach go dtí Aibreán 2010. Leagann an Roinn Airgeadais síos tuarastal bliantúil an Chathaoirligh de réir bheartas pá an Rialtais agus is ionann é agus an luach saothair a bheadh ag Leas-Rúnaí, mar atá leagtha amach in Aguisín 1A de Chiorclán E107/22/06 na Roinne Airgeadais .i.e. €168,000. Ní fhaigheann an Cathaoirleach aon bhónais ná luach saothair breise.

Saoráil Faisnéise

Fuaireamar ceithre iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2010. Ba iarratais neamhphearsanta iad na ceithre iarratas sin. Níor ceadáíodh ach cuid de thrí iarratas toisc gur diúltaíodh rochtain ar dhoiciméid éagsúla agus tarraingíodh siar an t-iarratas eile tar éis dul i gcomhairle leis an iarrthóir.

Acmhainní Daonna

Rinne an Rialtas líon beart a thabhairt isteach i Márta 2009 le leibhéal foirne na seirbhíse poiblí a laghdú. Airítear orthu sin moratorium ar earcaíocht, sos gairme le dreasachtaí agus scéimeanna um luathscor a tugadh isteach. Nuair a tugadh isteach an cosc ar earcaíocht, ba é líon foirne ceadaithe an Údaráis Iomaíochta ná 59 duine. Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí líon foirne an Údaráis laghdaithe go 40 duine. Laghdaíodh líon na foirne in 2010 toisc gur éirigh an Cathaoirleach, William Prasifka, as a phost i Márta agus d'éirigh Stiúrthóir Roinn na gCairtéal, Carolyn Galbreath, as a post i mí Bealtainte. D'fhág an tUasal Prasifka chun glacadh le post mar Ombudsman na Seirbhísí

Airgeadais. Chuaigh beirt ball foirne ar scor in 2010 agus ghlac beirt eile le sos gairme gan phá.

Tar éis don Uasal Prasifka agus don Uasal Galbreath éirí as oifig, bhí an tÚdarás gan córam ar feadh roinnt míonna go dtí gur ceapadh an tUasal Gerald FitzGerald agus an tUasal Isolde Goggin mar Chomhaltaí lánaimseartha sealadacha faoin Acht Iomaíochta (Leasú), 2010. Ceapadh na comhaltaí sin tar éis don Oireachtas reachtaíocht leasaithe a achtú ionas gur féidir leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta comhaltaí sealadacha a cheapadh chun an Údarás má tá folúntas buan ann. Ní dhearna Acht na bliana 2002, foráil ach do Chomhaltaí sealadacha a cheapadh má bhí folúntas sealadach ann.

Mar thoradh ar an moratorium ar earcaíocht, in 2010 bhí an leibhéal ab ísle líon foirne ag an Údarás ó 2003 i leith.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí againn a léiríonn ár dtiomantas don tseirbhís is fearr is féidir a chinntiú dár gcuid custaiméirí. Chomhlíonamar na gealltanais sin den chuid is mó. D'admhaíomar formhór an chomhfhreagrais a fuaireamar laistigh de thrí lá tar éis é a fháil agus réitíodh go leor ceisteanna laistigh de 15 lá. Ach, mar gheall ar an gcaoi ina ndéantar gearáin a imscrúdú, d'fhéadfadh sé go mbeadh a lán acmhainní ag teastáil chun freagairt dóibh san idirthréimhse. Ag féachaint don laghdú suntasach ar acmhainní daonna, déanfaimid scagadh ar an ngealltanais seo arís in 2010.

A. STRUCHTÚR AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA

Comhaltaí an Údaráis Iomaíochta amhail 31 Nollaig 2010

Declan Purcell

Cathaoirleach

**Stiúrthóir Roinn na Seirbhísí Corparáideacha
agus na Roinne Straitéise**



Stanley Wong

**Stiúrthóir Roinn na gCumasc agus Roinn na
Monaplachtaí**



Gerald FitzGerald

Stiúrthóir Roinn na gCairtéal



Isolde Goggin

Stiúrthóir na Roinne Abhcóideachta



Struchtúr Eagraíochtúil an Údaráis Iomaíochta ¹²

	Roinn					
	Straitéis	Abhcóideacht	Cumaisc	Seirbhísí Corparáideacha	Cairtéil	Monaplachtaí
Comhaltaí	Declan Purcell	Isolde Goggin	Stanley Wong	Declan Purcell	Gerald FitzGerald	Stanley Wong
Feidhmeanna	Straitéisí agus beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, cumarsáid agus caidreamh leis na meáin idir inmheánach agus seachtrach, tacaíocht a sholáthar don Chathaoirleach agus do na Ranna, pleanáil gnó agus straitéise	Staidéar agus anailís a dhéanamh ar an iomaíocht agus tacú léi i margaí a bhfuil srian curtha ag an Stát orthu, agus ar léirscaoileadh na margaí.	Fógraí faoi chumaisc, iad a athbhreithniú agus a fhorfheidhmiú	Bainistíocht acmhainní daonna, maoiniú, seirbhísí dlí, tacaíocht riaracháin, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	Cairtéil chrua a imscrúdú agus a ionchúiseamh faoi alt 4	Cásanna a raibh mí-úsáid ceannasachta i gceist leo mar aon le comhaontuithe nach cairtéil iad (idir chomhaontuithe cothrománach a agus chomhaontuithe ingearacha) a imscrúdú agus a fhorfheidhmiú faoi alt 4 agus 5
Bainisteoirí na Ranna	Vivienne Ryan	Carol Boate	Ibrahim Bah	Ciarán Quigley	Cormac Keating	John Evans
Comhairleoirí Dlí				Noreen Mackey David McFadden		
Bainisteoir Cumarsáide	Clodagh Coffey					
Oifigigh Cháis	Joseph Walser	Cathal Hanley Deirdre McHugh Kathryn MacGuill Han Nie	Barry O'Donnell Andrew Rae Elisa Ryan		John Burke Catherine Kilcullen Eksteen Maritz Daniel Kenna Joe McLoughlin ¹³ John McNally Aoife Brennan	Anne Ribault O'Reilly Haiyan Wang Janet McCoy Malachy Fox Victoria Balaguer
Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin				James Plunkett Sandra Rafferty		
Oifigigh Feidhmiúcháin	Pat Downey			Stephen Lalor Elizabeth Heffernan		
Oifigigh Chléireachais				Mark Wilkinson	Sandra Brennan	
Intéirínigh Tionscadail						Kim Watts Patrick Keating

¹² Léiríonn sé seo foireann an Údaráis Iomaíochta an 31 Nollaig 2010.

¹³ Tá an Bleachtaire-Sháirsint Joe McLoughlin ar iasacht ó Aonad Imscrúdaithe um Chalois na nGardaí.

**B. CUMAISIC A CUIREADH IN IÚL DON ÚDARÁS
IOMAÍOCHTA IN 2010**

Fógra	Earnáil Eacnamaíoch	Dáta an Fhógra	Stádas
M/10/001 - Marsh UK Group Limited/HSBC	Dáileadh árachas neamhshaoil agus dáileadh atharachais	11/01/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/002 - One Equity Partners / GENBAND Inc/CVAS Business	Crua-earraí ródaithe agus lasctha chomh maith le réitigh bogearraí do líonraí fosaithe agus soghluaiste	22/01/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/003 - Club Travel / Budget Travel (Faoi Leachtú)	An earnáil taistil	22/01/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/004 - Warburg Pincus & Co / SGL Limited	Trealamh sábháilteachta agus marthanais	29/01/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/005 - Duke Street / Cardpoint / Alphyra / Payzone	Seirbhísí ríomh-idirbhirt/ríomhíocaíochta sa Stát (lena n-áirítear, mar shampla, seirbhísí a bhaineann le breisiú leictreonach d'fhóin phóca, breisiú fónais agus íocaíocht billí agus próiseáil ríomhaistrithe airgid (EFT))	09/02/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/006 - BNY Mellon / GIS	Seirbhísí a bhaineann le riarachán agus cumhdach cistí a sholáthar sa Stát agus ar fud an domhain	26/02/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/007 - Trinity Mirror / Guardian Media	Foilsíú nuachtán agus oibriú láithreán digiteach a bhaineann lena nuachtáin.	05/03/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/008 - Lebedev / Independent	Foilsíú nuachtán	25/03/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/009 - UPC / Broadworks	Margadh táillefíse ilchainéil miondíola, margadh leathanbhanda	06/04/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/010 - RBS Plc (AAC Capital) / Cardinal Health	Soláthar seirbhísí airgeadais agus an earnáil cógaisíochta	13/04/2010	Ceadaithe (céim 1)

M/10/011 - Investec / Rensburg Sheppards	Seirbhísí airgeadais	26/04/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/012 - MLM Management Ltd/Gaiety Investments Ltd/Setanta/JV	Craoladh teilifíse	05/05/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/013 - Apax/Sophos	Soláthar bogearraí slándála	10/05/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/014 - HP / PALM	Sásanna láimhe soghluaiste / fóin chliste	14/05/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/015 - An Post / PostPoint	Seirbhísí agus táirgí a bhaineann le ríomh-idirbhirt/ríomhíocaíocht a sholáthar	19/05/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/016 - RBS / PIHL	Seirbhísí airgeadais agus seirbhísí cúram sláinte	21/05/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/017 - Metropolis / Medical Publications	Meáin chlóite	28/05/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/018 - Moy Park / O'Kane	Bia a tháirgeadh ó phróitéin ainmhíoch, go háirithe ó éineoil	28/05/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/019 - Barclays PLC / Tricorona AB	Infheistiú in ionstraimí a bhaineann leis an gcomhshaol agus iad a thrádail	03/06/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/020 - BSkyB / Virgin Media TV	Craoladh Teilifíse agus am craolta d'fhógraíocht teilifíse a dhíol	04/06/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/021 - Caird Capital / Maynard & Harris	Táirgí pacáistithe plaisteacha a dhearadh agus a dhéanamh	05/07/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/022 - Mubadala / PIM Investment	Beidh soláthar táirgí infheistíochta ar bun ag an gcomhfhiontar seo	28/07/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/023 - Barclays / Allied Glass	Is é atá in Barclays ná cuideachta bainistíochta ar chiste infheistíochta i ngnáthscaireanna príobháideacha. Bíonn baint ag Allied Glass le hárthaí / buidéal ghloine a dhéanamh	30/07/2010	Ceadaithe (céim 1)

M/10/024 - Gleeson / Gilbeys	Dáileadh mórdhíola deochanna meisciúla agus neamh-mheisciúla (lena n-áirítear fíon) sa Stát	30/07/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/025 - Oaktree / Stolberg / Beluga	Seirbhísí airgeadais agus an tionscal loingseoireachta	04/08/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/026 - BSL / NIE	Tarchur agus dáileadh leictreachais agus soláthar seirbhísí suiteála leictreachais	05/08/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/027 - Northern & Shell Broadcasting / CLT - UFA Holdings	Craoladh teilifíse	20/08/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/028 - Compass / VSG	Seirbhísí slándála	26/08/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/029 - Kerry / Newmarket Co-operative Creameries	Earnálacha táirgthe agus próiseála bainne (go háirithe cáis agus meadhg), earnáil trádála agus earnáil miondíola na stóras talmhaíochta	06/09/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/030 - Alpha Group / Newry Democrat	Foilsíú nuachtán áitiúil	06/09/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/031 - CapVest / Origin Foods / Maiden	Earnáil miondíola na hÉireann agus earnáil seirbhíse bia na hÉireann	13/09/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/032 - RBS (AAC Capital NEBO Sub LP) / NSL Services	Seirbhísí airgeadais	21/09/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/033 - Doughty Hanson / Equity Trust	Seirbhísí riartha ciste	24/09/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/034 - Fexco / Goodbody	Seirbhísí stocbhróicéara, seirbhísí maoiniúcháin chorparáidigh agus seirbhísí comhairleachta eacnamaíochta	24/09/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/035 - Permira Holdings / Creganna Solutions	Infheistíocht i ngnáthscuireanna príobháideacha agus feistí leighis mion-ionrach a dhéanamh agus a sholáthar	07/10/2010	Ceadaithe (céim 1)

M/10/036 - Barclays / Total Fitness	Clubanna sláinte agus aclaíochta a fheidhmiú sa Stát	12/10/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/037 - Pfizer / King	Táirgí sláinte ainmhithe sa Stát	29/10/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/38 - Barnett / Origin / Hall	Tráchtearraí talmhaíochta	11/11/2010	Ceadaithe (céim 2)
M/10/039 - Kingspan / CRH Insulation Europe	Abhair phacáistithe agus inslithe	19/11/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/040 - Unilever / Alberto Culver	Táirgí cúraim phearsanta	23/11/2010	Measúnú leanúnach (chéim 1)
M/10/041 - Pilgrim (Oaktree Group) / MHL & MCL	Tógáil agus seirbhísí gaolmhara eile	24/11/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/042 - Elavon / Bank of America N.A.	Iontaobhas urrúisithe agus seirbhísí riaracháin	8/12/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/043 - Stena / DFDS	Seirbhísí farantóireachta a sholáthar ar Mhuir Éireann-paisinéirí agus lastais a iompar idir Tuaisceart Éireann agus Sasana ar Mhuir Éireann	17/12/2010	Measúnú leanúnach (chéim 2)
M/10/044 - Tata Chemicals / Cheshire Salt	Táirgí salainn a dhéanamh agus a dhíol	17/12/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/045 - BMG / CHRYSALIS	Foilsitheoireacht Ceoil	20/12/2010	Ceadaithe (céim 1)
M/10/046 - Aesica / UCB SA	Cógaisíocht	20/12/2010	Ceadaithe (céim 1)

C. STAITISTICÍ AR CHUMAISIC A MEASADH 2008-2010

	2010	2009	2008
Cumaisc ar Tugadh Fógra fúthu	46	27	37
fógraí riachtanacha [alt 18(1)]	46	27	37
fógraí deonacha [alt 18(3)]	0	0	0
Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe	3	2	9
tugtha ar aghaidh mar chéim 1	3	2	9
tugtha ar aghaidh mar chéim 2	0	0	0
Curtha ar aghaidh ag Coimisiún an AE (ECMR Airt 9)	0	0	1
LÍON IOMLÁN CÁSANNA	49	29	47
líon cumasc sna meáin	8	2	5
líon i gcéim 2 i mbliain an chinnte	1	1	2
líon i gcéim 2 sa bhliain roimh an gcinneadh	1	0	0
Cásanna a Tarraingíodh Siar	0	0	0
Tarraingthe siar ag céim 1	0	0	0
Tarraingthe siar ag céim 2	0	0	0
Cinntí Curtha in Iúl	43	26	45
Cinntí chéim 1 ceadaithe gan aon mholtaí	41	25	43
Cinneadh chéim 1 le moltaí	1	0	0
Cinneadh dearfach chéim 2 gan coinníollacha ná moltaí	1	0	1
Cinneadh chéim 2 le moltaí	0	0	0
Cinneadh chéim 2 déanta le coinníollacha	0	1	0
Cosc chéim 2	0	0	1
Curtha ar aghaidh chuig Coimisiún an AE (ECMR Airt 22)	0	0	0
Tugtha ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile	6	3	2
Tugtha ar aghaidh mar chéim 1	5	3	2
Tugtha ar aghaidh mar chéim 2	1	0	0

D. AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA A RINNE AN TÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2010

Uimhir na hAighneachta	Comhlacht ar cuireadh faoina bhráid é	Ábhar	Achoimre
S-10-001	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Margadh an Leictreachais Miondíola	Leagamar béim ar an ngá le maoirseacht rialála láidir agus tuilleadh athchóirithe a dhéanamh ar an earnáil leictreachais. Is deacair cothromaíocht a aimsiú idir féachaint chuige go mbainfidh tomhaltóirí atá ar an eolas go maith leas as an iomaíocht agus ar an taobh eile féachaint chuige go gcosnófar custaiméirí leochaileacha.
S-10-002	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	Treoiríníte pleanála miondíola	Leagamar béim athuair ar na moltaí ábhartha ó Thuarascáil Pleanála Miondíol na bliana 2008. Ní mór, go háirithe, na Treoiríníte a athdhírú chun freastal ar shlí níos fearr don iomaíocht agus do cheisteanna tomhaltóirí.
S-10-003	An tÚdarás Náisiúnta Iompair	Seirbhísí Poiblí Bus a Cheadúnú	D'aithníomar an dul chun cinn a bhí déanta maidir leis an Údarás Náisiúnta Iompair a bhunú atá mar bhunchloch láidir ar a bhforbrófar seirbhís iompair poiblí bheoga agus iomaíoch.
S-10-004	An Roinn Iompair	Ráiteas ar Straitéis Iompair	Molaimid gur chóir béim a leagan ar luach ar airgead agus acmhainní poiblí ganna a dhírú ar na háiteanna ina bhfuil géarghá leo i straitéis 2010-2013. Ait ar mian agus ar féidir leis an earnáil poiblí seirbhís a oibriú, ba cheart féachaint arís ar an ngá le fóirdheontas poiblí.
S-10-005	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	Dréacht-Ráiteas ar Bheartas Dramháiola	Chuireamar in iúl go dtagann beartas iomaíochta le beartais dramháiola, agus gur féidir le hiomaíocht san earnáil bainistíochta dramháiola costais bailiúcháin a choinneáil ar leibhéal íseal le haghaidh gnóthas.
S-10-006	Comhairle na nDochtúirí Leighis	Dréacht-Rialacha maidir le Clárú	Chuireamar in iúl go gcaithfidh an próiseas chun cáilíochtaí agus taithí dochtúirí a oileadh thar lear a mheas a bheith follasach, soiléir agus neamhchlaonta.

E. SEIMINEAIR, ÓRAIDI, CUR I LATHAIR & PAIPEIR

Teideal	Fóram	Dáta	Duine
Criminal Enforcement of Competition Laws in Ireland	In aghaidh Trustaí, Athbhreithniú ar Dhlí na hIomaíochta	21 Ean	Carolyn Galbreath
The Future of the European Competition Network	An Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha	02 Feabh	Stanley Wong
Detecting Anti-competitive Practices in Public Procurement	An Roinn Iompair	04 Feabh	Eksteen Maritz Catherine Kilcullen
Detecting Anti-competitive Practices in Public Procurement	Public Affairs Institute	15 Feabh	Eksteen Maritz Catherine Kilcullen
How the Competition Authority can Contribute to the Smart Economy	Fóram Rialála Bliantúil, Farmleigh	26 Feabh	Declan Purcell
Competition and Cartels in Public Procurement	Seimineár ar Sholáthar Straitéiseach DCU	11 Már	Carolyn Galbreath
Pro-competition Intervention in Healthcare Markets	Fóram um Dhlí Iomaíochta na hAlban, Dún Éideann	23 Már	Declan Purcell
Opening Statement of the Competition Authority to the Committee of Public Accounts	PAC, Teach Laighean, Sráid Chill Dara	25 Már	Declan Purcell
Criminalisation of Cartel Offences in Ireland	Cruinniú Earraigh an American Bar Association	15 Aib	Carolyn Galbreath
The Role and Rights of Third Parties in Merger Review	Comhdháil Bhliantúil an ICN, Iostanbúl	27-29 Aib	Stanley Wong
Effective Project Management in Competition Agencies	Comhdháil Bhliantúil an ICN, Iostanbúl	27-29 Aib	Stanley Wong
Market Definition and Failing Firm/Exiting Assets	Comhdháil Bhliantúil an ICN, Iostanbúl	27-29 Aib	Stanley Wong
Rannóg Cairtéal an Údaráis Iomaíochta	Comhdháil Bhliantúil an ICN, Iostanbúl	29 Aib	Carolyn Galbreath
Internationalisation of Advocacy in Turkey	Siompóisiam ar Idirnáisiúnú na hAbhcóideachta sa Tuirc, Iostanbúl	30 Aib	Stanley Wong
Detecting Anti-competitive Practices in Public Procurement	Lárionad Oiliúna & Forbartha na Státseirbhíse Lárnaí	12 Bealt	John McNally
Rannpháirtí: Remedies to the adverse effects of buyer power	Trends in Retail: Private label, brands and competition policy	28 Bealt	John Evans
Competition Law and Trade Associations	Irish Medical and Surgical Trade Association	03 Meith	John Evans

Detecting Anti-competitive Practices in Public Procurement	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha	17 Meith	Eksteen Maritz Catherine Kilcullen
The Process of Merger Review: A Practical Guide	Ceardlann Oiliúna na hArd-Stiúrthóireachta Iomaíochta do Choimisiún Iomaíochta na hIndia, Deilí Nua	15-17 Iúil	Stanley Wong
Review of the Cartel Immunity Programme	Cumann Dlí Eorpach na hÉireann	27 Iúil	Gerald FitzGerald
Detecting Anti-competitive Practices in Public Procurement	An Roinn Oideachais	07 M. Fómh	John McNally Catherine Kilcullen
Ról an Údaráis Iomaíochta	Fingal Rotary Club	13 M. Fómh	Isolde Goggin
Digital Convergence and Competition Issues	Fóram um Iomaíocht Idirnáisiúnta Shúl, an Chóiré Theas	15 M. Fómh	Stanley Wong
Use of Economics in Merger Review	Coimisiún Cóir-Thrádála na Cóiré, Súl, an Chóiré Theas	16 M. Fómh	Stanley Wong
Competition in Primary Healthcare in Ireland	Comhdháil Phainéil ar Chomhoibriú agus Iomaíocht, Londain	16 M. Fómh	Declan Purcell Deirdre McHugh
Prioritisation and Public Expectations	OECD - Lár-Ionad Beartais na Cóiré, Súl, an Chóiré Theas	17 M. Fómh	Stanley Wong
From a Rock to a Hard Place – the Competition Authority 1998-2010	16 ^ú Comhdháil Bhliantúil um Iomaíocht agus Rialáil	07 D. Fómh	Declan Purcell
Cathaoirleach na Comhdhála	16 ^ú Comhdháil Bhliantúil um Iomaíocht agus Rialáil	07 D. Fómh	Stanley Wong
Competition in Primary Healthcare in Ireland	Comhdháil Eacnamaíochta, Neidín	16 D. Fómh	Carol Boate
Detecting Anti-competitive Practices in Public Procurement	Public Affairs Institute	19 D. Fómh	John McNally Catherine Kilcullen
Merger Enforcement Trends	Ceardlann Cumasc an ICN, an Róimh	03-04 Samh	Stanley Wong
Mock Arguments on Hypothetical Case	Ceardlann Cumasc an ICN, an Róimh	03-04 Samh	Stanley Wong
Media Mergers Under the Competition Act 2002 (Ireland)	Cruinniú Comhchéime faoi Bheartas Poiblí agus Athbhreithniú Cumasc, Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato, an Róimh	05 Samh	Stanley Wong
Role of the Competition Authority and Enforcement of Competition Law	Seimineár ar Dhlí na hIomaíochta agus Bheartas Poiblí, Public Affairs Ireland	18 Samh	Stanley Wong
Role and Work of the Competition Authority	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	24 Samh	Carol Boate

Technology and Market Definition in Competition Analysis	An Aireacht Tionscail agus Faisnéise, Béising, an tSín	05 Noll	Stanley Wong
EU Perspective on Capacity Building in Asia on Competition Law and its Enforcement: An Insider-Outsider's View	6 ^ú Comhdháil Bhliantúil na hÁise ar Dhlí na hIomaíochta	06 Noll	Stanley Wong
Certificate in Civil Service and State Agencies Studies course	Cúrsa Oiliúna an Fhorais Riaracháin	09 Noll	Ciarán Quigley
Detecting Anti-competitive Practices in Public Procurement	Lárionad Oiliúna & Forbartha na Státseirbhíse Lárnaí	15 Noll	Joseph Walser Clodagh Coffey
Internationalisation of Merger Review: Some Challenges in Designing an Effective System	Alt: Changes in Competition Policy over the Last Two Decades – an Oifig um Iomaíocht agus um Chosaint Tomhaltóirí, Vársá	2010	Stanley Wong

the 1990s, the number of people in the world who are undernourished has increased from 600 million to 800 million. The number of people who are malnourished has increased from 1.2 billion to 1.5 billion. The number of people who are obese has increased from 100 million to 300 million.

There are a number of reasons for this. One of the main reasons is that the world population has increased from 5 billion to 6 billion. Another reason is that the world population is becoming more urbanized. This means that there are more people living in cities, where there is a higher risk of malnutrition.

There are a number of ways in which we can reduce the number of people who are undernourished and malnourished. One of the most important ways is to increase the production of food. This can be done by increasing the area of land used for agriculture, by increasing the yield of crops, and by using more efficient farming practices.

Another important way is to reduce the number of people who are obese. This can be done by encouraging people to eat a healthy diet and to exercise regularly. It is also important to reduce the number of people who are undernourished and malnourished by providing them with access to food and water.

There are a number of other ways in which we can reduce the number of people who are undernourished and malnourished. These include providing them with access to education and healthcare, and providing them with access to clean water and sanitation.

It is important to note that the number of people who are undernourished and malnourished is not just a problem for the developing world. It is also a problem for the developed world. In the developed world, there are a number of people who are undernourished and malnourished because they do not have access to food and water.

There are a number of ways in which we can reduce the number of people who are undernourished and malnourished in the developed world. These include providing them with access to food and water, and providing them with access to education and healthcare.

It is important to note that the number of people who are undernourished and malnourished is not just a problem for the world. It is also a problem for the future. If we do not take action now, the number of people who are undernourished and malnourished will continue to increase.

There are a number of ways in which we can reduce the number of people who are undernourished and malnourished in the future. These include increasing the production of food, reducing the number of people who are obese, and providing people with access to food and water.

It is important to note that the number of people who are undernourished and malnourished is not just a problem for the world. It is also a problem for the future. If we do not take action now, the number of people who are undernourished and malnourished will continue to increase.

There are a number of ways in which we can reduce the number of people who are undernourished and malnourished in the future. These include increasing the production of food, reducing the number of people who are obese, and providing people with access to food and water.

It is important to note that the number of people who are undernourished and malnourished is not just a problem for the world. It is also a problem for the future. If we do not take action now, the number of people who are undernourished and malnourished will continue to increase.